



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023
(OR. en)

16406/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0447(COD)**

**VETER 111
AGRI 793
AGRILEG 339
CODEC 2410**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Nollaig 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 769 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 769 final.

Faoi iamh: COM(2023) 769 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.12.2023
COM(2023) 769 final

2023/0447 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leas madraí agus cat agus a n inrianaitheacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

De réir Eorabharaiméadair a rinneadh in 2023¹, tá peataí coimhdeachta ag 44% de shaoránaigh an Aontais agus measann 74 % de shaoránaigh an Aontais gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt do leas ainmhithe coimhdeachta ná mar atá á tabhairt anois. Baineann 6 cinn as na 10 dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar éirigh leo go dtí seo le leas ainmhithe, rud a léiríonn an tábhacht a chuireann saoránaigh leis chun ainmhithe a chosaint ar bhealach níos fearr i gcoitinne.

In 2021, measadh gur le saoránaigh AE 72.7 milliún madra agus 83.6 milliún cat². Tá trádáil shubstaintiúil i madraí agus i gcait³, trí ionaid phórúcháin a dhíolann coileáin agus piscíní agus bunaíochtaí eile, go háirithe siopaí peataí a dhíolann madraí agus cait de gach aois. Soláthraíonn ionaid dídine ainmhithe madraí agus cait freisin, trí mhadraí agus cait a tarrtháladh, atá ar fán nó gan éileamh orthu a dhíol, a thabhairt isteach, nó úinéirí nua a fháil dóibh. Cé go bhfreastalaíonn póraitheoirí ceadúnaithe a chloíonn le hardchaighdeán leasa ainmhithe ar chuid den éileamh ar mhadraí agus ar chait, tá go leor madraí agus cat tar éis a bheith ina n ábhair trádála agus iompair neamhdhleathaigh, lena n áirítear ó thríú tíortha.

Bailíodh fianaise ar mhéid tábhachtach brionnú doiciméid, faisnéis mhíthreorach, agus tásca ar ghluaiseacht faoi cheilt madraí chun críocha tráchtála mar ghluaiseachtaí neamhthráchtála chun leas a bhaint as rialacha rialaithe nach bhfuil chomh dian sin, ag ócáid Ghníomhaíocht Chomhordaithe AE maidir le trádáil neamhdhleathach⁴ cat agus madraí a rinneadh in 2022 agus 2023⁵. Le linn ghníomhaíocht forfheidhmithe an Aontais, ghin na Ballstáit 467 bhfógra in iRASFF chun cúnamh a lorg i gcásanna a bhaineann le hamhras faoi ghníomhaíochtaí calaoiseacha. Chuir an Ghníomhaíocht Chomhordaithe AE seo ar chumas braislí cásanna a shainaithint ina raibh amhras ar oibreoirí go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí calaoiseacha agus tionscnaíodh 47 n imeacht bhreithiúnacha ar a laghad i roinnt Ballstát AE le linn thréimhse ghníomhaíocht chomhordaithe AE. Bhain 45 % de na fógraí in iRASFF le hamhras faoi ghníomhaíochtaí calaoiseacha i ngluaiseacht madraí as tríú tíortha. Cheadaigh an gníomh comhordaithe deimhnithe sláinte brionnaithe agus tuarascálacha toirtmheasctha antasubstainte an chonfaidh a bhrath, pasanna peataí falsaithe, trácht neamhdhleathach madraí agus cat ón Rúis agus ón mBealarúis.

¹ An Coimisiún Eorpach, Eorabharaiméadar Speisialta 533 "Dearcadh na nEorpach i leith Leas Ainmhithe", Obair Allamuigh: Márta 2023.

² Tuarascáil bhliantúil FEDIAF 2023: <https://europeanpetfood.org/about/annual-report/>

³ Féadfaidh an t éileamh bliantúil ar fud an Aontais ar mhadraí amháin a bheith os cionn 8 milliún ainmhithe in aghaidh na bliana.

⁴ Sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar fhána (lena n áirítear trádáil neamhdhleathach cat agus madraí), oibríonn an Coimisiún Eorpach i ndlúthchomhar le Europol, lena n áirítear i gcreat comhthéacs EMPACT, an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, ardán atá ina thairseach chun an Straitéis AE maidir le Coireacht Eagraithe agus beartais, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ábhartha eile de chuid an Aontais a chur chun feidhme, agus atá bunaithe ar Theachtaireacht 2021 maidir leis an Straitéis sin.

⁵ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Trádáil neamhdhleathach cat agus madraí, gníomh forfheidhmithe AE, 2023, doi:10.2875/236344.

Bíonn fadhbanna tábhachtacha ann do leas na madraí agus na gcat lena mbaineann, lena n áirítear sláinte, agus folláine úinéir ionchasach na bpeataí, mar thoradh ar phórú fo-chaighdeánach agus trádáil neamhdhleathach den sórt sin. Is féidir é sin a léiriú le fadhbanna a dtugtar fógra ina leith i roinnt fógraí iRASFF: fógra maidir le coileáin bhreote, agus coileáin nár bhain an ceann scríbe amach de dheasca gurbh éigean eotanáis a dhéanamh orthu mar gheall ar an bparvaivíreas, madraí a ndearnadh tástáil dhearfach orthu i leith *Brucella Canis*, fógra maidir le cásanna madraí faoi an strus, madraí a bhfuil buinneach orthu, ionfhabhtuithe riospráide, díhiodráiitiú, cásanna de mhadraí a ndearnadh neamart iontu. I roinnt fógraí eile de chuid iRASFF luaitear imscrúduithe de bharr drochíde d'ainmhithe. I roinnt fógra eile luadh cásanna ina ndearnadh ciorruithe, amhail ciorrú ag cluasa nó ag eireaball coileán.

Ina theannta sin, le blianta beaga anuas, tá fás ag teacht ar dhíolachán madraí agus cat trí ardáin ar líne agus trí na meáin shóisialta. Tairgeann go leor de liostuithe an ardáin seo ainmhithe nach ó phóraitheoirí freagracha iad ach ó phóraitheoirí neamhdhleathacha amhrasta nó ó shiopaí peataí iad nó a choinnítear i ndálaí a dhéanann dochar dá leas. Is minic a bhíonn teorainn leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit tionscnamh madraí agus cat a rianú siar toisc nach bhfuil feidhm ag córas sainaitheantais na n ainmhithe sin ach amháin nuair a bhíonn ainmhithe á n aistriú idir na Ballstáit nó níos faide i gcéin, agus ina theannta sin, toisc nach bhfuil aon chóras aontaithe clárúcháin ann.

In 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa rún⁶ maidir le trádáil neamhdhleathach I bpeataí san Aontas Eorpach lena n iarrtar córas comhchuibhithe ar fud an Aontais chun cait agus madraí a shainaithint agus a chlárú go héigeantach chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac. D'iarr sí freisin go ndéanfaidh tréidlia micrishlis a chur i bpeataí ainmhithe compánach agus go ndéanfaí iad a thaifeadadh i mbunachar sonraí náisiúnta, agus go gcuirfí feabhas ar chosaint tomhaltóirí a cheannaíonn peataí trí liostuithe ar líne.

In 2010, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún “staidéar a dhéanamh ar na difríochtaí idir na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit maidir le pórú madraí agus cat agus trádáil AE i madraí agus i gcat agus, más iomchuí, roghanna beartais a ullmhú chun an margadh inmheánach a chomhchuibhiú”⁷. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar⁸ inar sainaithníodh dlíthe éagsúla náisiúnta maidir le pórú madraí agus cat san Aontas, agus easpa sainaitheanta, cláraithe agus rialaithe córasaigh ar ghluaiseacht madraí agus cat san Aontas. Sainaithníodh ann freisin fadhbanna leasa a eascraíonn as na dálaí tithíochta in ionaid phórúcháin agus ar láithreáin díolacháin araon⁹. In 2022, sa Chomhairle, d'iarr 20 Ballstát¹⁰ ar an gCoimisiún reachtaíocht

⁶ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2020 maidir le margadh inmheánach an Aontais agus cearta tomhaltóirí a chosaint i gcoinne impleachtaí diúltacha na trádála neamhdhleathaí i bpeataí (2019/2814 (RSP))

⁷ Conclúidí ón gComhairle maidir le leas madraí agus cat, an 29 Samhain 2010:

https://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/agricult/118076.pdf

⁸ “Staidéar ar leas madraí agus cat a mbaineann cleachtais tráchtála leo”, an Coimisiún Eorpach, 2015: https://food.ec.europa.eu/system/files/2016-10/aw_eu-strategy_study_dogs-cats-commercial-practices_en.pdf

⁹ Is iomaí riosca is féidir a bheith ann do leas ainmhithe: ciorruithe, inphórú, fadhbanna iompraíochta dochúlaithe, mí-úsáid, drochíde, seadáin nó ionfhabhtuithe baictéara agus víreasacha, dúshaothrú fisiceach, lochtanna géiniteacha, galair a bhaineann le comhlíonadh.

¹⁰ DK, DE, LT, SE, BG, LV, CY, BE, CZ, LU, IE, PT, FI, NL, SK, EE, MT, SI, ES, HR.

chomhchoiteann AE a thabhairt isteach maidir le coimeád agus díol tráchtála madraí, lena n áirítear rialacha comhchuibhithe maidir le hinrianaitheacht¹¹.

Tá gealltanais tugtha ag go leor Ballstát cat agus freisin chun leas madraí a chosaint mar shínteoirí an Choinbhinsiúin Eorpach um Chosaint Peataí¹².

Níl aon reachtaíocht AE ann maidir le leas madraí agus cat. Tá reachtaíocht AE ann maidir le madraí agus cait a chosaint nuair a phóraitear, nuair a sholáthraítear agus nuair a úsáidtear iad chun críocha eolaíoch¹³. Tá roinnt sainriachtanas AE ann freisin maidir le madraí agus cait a iompar¹⁴, rud a fhorchuireann aois íosta dá n iompar¹⁵. Cumhdaítear le reachtaíocht AE freisin gluaiseachtaí madraí agus cat i gcomhthéacs galar ainmhithe, go háirithe an confadh, nuair a bhíonn siad faoi réir na gceanglas sláinte ainmhithe sin i gcomhthéacs a n aistrithe, idir na Ballstáit agus ó thríú tíortha¹⁶, nó nuair a aistrítear iad i ngluaiseacht “neamhthráchtála” mar a thugtar air nuair a bhíonn siad in éineacht lena n úinéirí¹⁷.

Níl aon oibleagáidí sonracha AE ann a bhaineann le madraí agus cait a dhíol trí ardáin ar líne, ach tá feidhm ag forálacha cothrománacha Rialachán (AE) 2022/2065 (“Gníomh na Seirbhísí Digiteacha”)¹⁸. Rialaítear le Gníomh na Seirbhísí Digiteacha freagrachtaí soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar líne, lena n áirítear ardáin ar líne amhail na meáin shóisialta agus margaí ar líne, maidir le hinneachar neamhdhleathach agus earraí nó seirbhísí a thairgeann faighteoir a gcuid seirbhísí. Leagtar amach i nGníomh na Seirbhísí Digiteacha, go háirithe, roinnt oibleagáidí díchill chuig d’ardáin ar líne atá ábhartha don Rialachán atá beartaithe, lena n áirítear an prionsabal I ndáil le “hinrianaitheacht trádálaithe” a thabhairt isteach, agus an oibleagáid atá ar mhargaí ar líne a gcomhéadan ar líne a oiriúnú chun a chur ar chumas trádálaithe dlí an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Thairis sin, cumhdaítear le Gníomh na Seirbhísí Digiteacha gach cineál inneachair neamhdhleathaigh, mar a shainítear é le dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, agus dá bhrí sin measfar aon inneachar a mheasfaí a bheith neamhdhleathach faoi reachtaíocht náisiúnta nó faoi reachtaíocht de chuid an Aontais a bheith neamhdhleathach faoin Rialachán seo, agus beidh feidhm ag a oibleagáidí.

¹¹ Cruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 21 Feabhra 2022.

¹² Comhairle na hEorpa, An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Peataí, [CETS 125 - An Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint Peataí \(coe.int\)](#).

¹³ Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).

¹⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CEE agus Treoir 93/119/CE agus Rialachán (CE) Uimh 1255/97 (IO L 3, 5.1.2005, lch. 1).

¹⁵ Ghlac an Coimisiún togra chun athbhreithniú agus comhlánú a dhéanamh ar na rialacha sin maidir leis na hainmhithe leasa, go háirithe madraí agus cait, le linn iompair.

¹⁶ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

¹⁷ Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1).

¹⁸ Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE, IO L 277, 27.10.2022, lch. 1

Tá an trádáil i madraí agus i gcait an bhrabúsach, agus meastar gurb ionann luach bliantúil díolachán madraí agus cat san Aontas agus EUR 1.3 billiún¹⁹, agus dá bhrí sin tá tarraingt ann d'oibreoirí atá toilteanach dul i mbun cleachtais ghnó éagóracha nó neamhdhleathacha fiú. Tá roinnt bunaíochtaí ag coinneáil madraí nó cait faoi dhroch-choinníollacha leasa, a thraochann ainmhithe baineanna chun go leor ál a bheith acu in aghaidh na bliana, ag déanamh faillí ar na hainmhithe ar a ndála bia, tithíochta, sláinte agus sláinteachais agus á ndíol ró-óg (toisc go bhfuil sé níos éasca iad a dhíol agus níos saoire iad a tháirgeadh mar sin). Mar thoradh air sin, ina lán de na hainmhithe sin bíonn lochtanna fisiceacha nó bíonn siad tinn, agus ní chóireáiltear iad i gcoinne paraisítí. Is minic a bhíonn neamhoird iompraíochta ar na hainmhithe sin freisin mar gheall ar luathscoitheadh nó drochíde. Féadfar iad a shainaithint go bréagach freisin chun cosc a chur ar a dtionscnamh a rianú siar.

Gintear leis an gcás seo costas gan choinne agus éagórach do cheannaitheoirí freisin. Caithfidh siad íoc chun roinnt galar a chóireáil nó lochtanna géiniteacha a mhaolú. Cruthaítear leis dá dheasca anacair mhothúcháinach freisin do cheannaitheoirí nuair a fhaigheann siad amach nach féidir a n ainmhithe a chóireáil a thuilleadh. Féadfaidh ceannaitheoirí aghaidh a thabhairt freisin ar mhadraí nó ar chait a bhfuil fadhbanna iompraíochta tromchúiseacha acu a fhágann gur deacair iad a choinneáil sa teaghlach. Sa dá chás, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar cheannaitheoirí eotanáis a éileamh dá mbarr. Thairis sin, mar gheall ar an gcás sin tarlaíonn fulaingt thromchúiseach ainmhithe toisc nach mbeathaítear ainmhithe go cuí, toisc go gcoimeádtar iad faoi dhálaí míchompordacha agus míshláintiúla, uaireanta faoi réir drochíde de bharr easpa eolais a bheith ag cúramóirí ainmhithe.

Tá difríochtaí leathana ann freisin idir reachtaíocht na mBallstát éagsúil, amhail rialacha maidir leis an tairseach idir póraitheoirí gairmiúla agus neamhghairmiúla, aois íosta agus uasta an phóraithe, agus sainaithint agus clárú madraí agus cat, agus nasctha freisin leis na deacrachtaí rialacha náisiúnta a chur chun feidhme i margadh inmheánach ina mbíonn ainmhithe ag gluaiseacht faoi shaoirse. Is dócha go gcruthófar mar gheall ar na héagothromaíochtaí sin, ar dócha go dtiocfaidh méadú orthu de réir mar a bheidh forálacha náisiúnta á n athbhreithniú agus á dtreisiú i roinnt Ballstát ar luas luathaithe mar gheall ar an mbrú poiblí, agus go mbeidh forálacha dlíthiúla an teoranta ag Ballstáit eile sa réimse sin, bacainní ar thrádáil cat agus madraí. Beidh sé sin chun aimhleas póraitheoirí tráchtála ardchaighdeánacha agus cuirfidh sé cosc orthu tairbhe a bhaint as infheistíochtaí chun leas cat agus madraí a fheabhsú.

Gach bliain, tugtar líon ard cat agus madraí isteach go hionaid dídine ainmhithe ar fud an Aontais, bíodh siad ina neagraíochtaí rialtasacha nó faoi úinéireacht eagraíochtaí neamhbhrabúis²⁰. Mar shampla, sa Bheilg tugadh isteach 7 642 mhadra agus 25 926 chat in 2021²¹, agus tá líon bliantúil na Spáinne níos airde fós, a

¹⁹ IBF International Consulting, VetEffecT, Ollscoil Wageningen & Ionad Taighde (WUR), Istituto Zooprofilattico Sperimentale dell'Abruzzo del Molise "G. Caporale" (IZSAM), Staidéar ar leas madraí agus cat a mbaineann cleachtais tráchtála leo, 2015, lch. 6 (https://food.ec.europa.eu/system/files/ro?file=2016-10/aw_eu-strategy_study_dogs-cats-commercial-practices_en.pdf)

²⁰ Magnus, J., *A Starter Guide to Understanding and Working with Animal Shelters for Animal Sanctuaries* [Tústreoir maidir le Tuiscint a Fháil air agus maidir le bheith ag Obair le hIonaid Dídine Ainmhithe, Tearmann Oscailte, arna rochtain i mí na Samhna 2023.

²¹ Rialtas Flóndras, an Roinn Leasa Ainmhithe, *Opgevangen dieren in Vlaamse dierenasielen 2021*, 2021, [Cijfers opgevangen dieren asielen 2021 - website.xlsx](https://www.vlaanderen.be/sites/default/files/2021-01/Cijfers_opgevangen_dieren_asielen_2021_-_website.xlsx) ([vlaanderen.be](https://www.vlaanderen.be))

mheastar ag 100 000 madra agus 30 000 cat a thugtar isteach ar bhonn bliantúil²². Thuairiscigh gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais thuasluaite maidir le madraí agus cait amhras faoi gháinneáil neamhdhleathach ar mhadraí trí chuid de na hionaid dídine ainmhithe sin, agus ionaid dídine ainmhithe ag fógairt madraí allmhairithe ar líne lena ndíol, gan na ceadanna riachtanacha, agus le sonraí míchearta i ndeimhnithe sláinte pasanna.

Is gá ionaid dídine ainmhithe a chur san áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, fiú má dhéantar a ngníomhaíocht i dtimpeallacht atá difriúil le póraitheoirí tráchtála, agus ceanglais áirithe a chur i bhfeidhm, is cuma má dhéanann nó nach ndéanann siad gníomhaíocht eacnamaíoch nuair a thógann siad cait agus madraí isteach nó nuair a aimsíonn siad teaghlach dóibh, chun éifeachtacht na rialacha agus a n infhorfheidhmitheacht a áirithiú, go háirithe chun cosc a chur ar shaobhadh an mhargaidh de dheasca cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina n iomaíocht éagórach nó tomhaltóirí a chur amú, agus chun trádáil neamhdhleathach i gcait agus i madraí a chosc.

Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí chreat comhchoiteann a mholadh leis na cuspóirí seo a leanas:

- Íoschaighdeáin chomhchoiteanna leasa ainmhithe a áirithiú maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cait a phóraitear nó a choimeádtar i mbunaíochtaí,
- Inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a sholáthraítear a fheabhsú, lena n áirítear nuair a thairgtear iad lena ndíol nó lena dtabhairt isteach ar líne,
- Cothroime iomaíochta a áirithiú idir oibreoirí a choimeádann agus a chuireann madraí agus cait ar an margadh ar fud an Aontais
- Inniúlacht do chúramóirí ainmhithe a chur chun cinn,
- Rialacha láithreacha maidir le hallmhairiú madraí agus cat a fhorlíonadh.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo ag teacht le reachtaíocht reatha an Aontais maidir le hiompar ainmhithe agus maidir le galair in tarchurtha ainmhithe. Tá sé comhsheasmhach freisin leis an togra reachtach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair, arna ghlacadh ar an dáta céanna leis an togra seo.

Cuireann an ceanglas maidir le hionaid phórúcháin a áirítear sa togra seo a fhorghnó leis an gceanglas atá ann cheana maidir le bunaíochtaí a chlárú faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe²³. Beidh na Ballstáit in ann brath ar liosta na mbunaíochtaí atá cláraithe faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun na bunaíochtaí sin is gá a iniúchadh agus a fhorghnó faoin togra seo a shainaithint.

Ar an gcaoi chéanna, cuireann ceanglais inrianaitheachta an togra seo leis na ceanglais maidir le madraí agus cait a shainaithint atá faoi réir gluaiseachtaí

²² Fatjó, J. et al, 'Epidemiology of Dog and Cat Abandonment in Spain (2008–2013)' [Eipidéimeolaíocht Tréigean Madraí agus Cat sa Spáinn (2008 -2013)]", *Animals*, Vol. 5, 2, MDPI, lgh. 426–441, <https://doi.org/10.3390%2Fani5020364>.

²³ Faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, ní chuirtear ach ionaid dídine ainmhithe a aistríonn ainmhithe go Ballstáit eile agus go hionaid tionóil faoi cheanglas formheasa.

trasteorann a leagtar amach sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe tríd an gceanglas maidir le sainaithint a leathnú chuig gach madra agus cat a chuirtear ar an margadh nó a sholáthraítear san Aontas, agus trí cheanglas maidir leis na madraí agus na cait sin a chlárú i mbunachair sonraí náisiúnta a chur leis.

Áirítear sa Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe agus i rialacha an Aontais maidir le gluaiseacht neamhthrachtála peataí²⁴ ceanglais áirithe maidir le madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas. Go háirithe, mar riail rialta maidir le gluaiseacht isteach san Aontas, ní mór do mhadraí agus cait teacht ó thríú tír atá liostaithe ag an Aontas bunaithe ar ráthaíochtaí sláinte ainmhithe, agus ní mór an bhunaíocht tionscnaimh sa tríú tír a bheith cláraithe. Cuireann an togra seo leis na ceanglais sin, trína cheangal go soláthraíonn na tríú tíortha ráthaíochtaí freisin i ndáil lena rialuithe do na rialacha maidir le leas ainmhithe maidir le bunaíochtaí a leagtar síos sa togra seo, agus trína cheangal ní hamháin go bhfuil na hionaid phórúcháin cláraithe ach go bhfuil siad formheasta freisin. Maidir le hinrianaitheacht, ceanglaítear le rialacha sláinte ainmhithe, maidir le gluaiseacht tráchtála agus neamhthrachtála madraí agus cat a thagann isteach san Aontas, nach mór na hainmhithe a shainaithint le micrishlis. Chun na forálacha inrianaitheachta sin a threisiú, ceanglaítear leis an togra seo, i gcás madraí agus cait a thagann isteach san Aontas, go n-áiritheoidh an t-úinéir ag an gceann scribe go ndéanfar iad a chlárú i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát. Cuirfidh sé sin níos mó uirlisí ar fáil le haghaidh rialuithe ar na hainmhithe sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo ag teacht le beartas an Aontais maidir le margadh aonair do sheirbhísí digiteacha. Mar shampla, dréachtaíodh na forálacha maidir le seirbhísí ar líne ar bhealach a fhágann go bhfuil siad comhoiriúnach leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (Rialachán (AE) 2022/2065).

Leis an togra seo, coinnítear slán an díolúine ó dhliteanas a bhfuil feidhm aici maidir le hardáin ar líne faoi na coinníollacha a leagtar amach faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2065. Ina theannta sin, ní fhorchuirtear leis aon oibleagáid ghinearálta chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a stóráiltear, ná chun fíorais ná cúinsí a lorg go gníomhach a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios, mar a thoirmistear faoi Airteagal 8 den Rialachán céanna. Ar deireadh, comhlánaíonn a chuid oibleagáidí na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar ardáin ar líne, lena n-áirítear na hoibleagáidí sin a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe, ach ní thagann siad in ionad na n-oibleagáidí sin ná ní thagann siad salach orthu. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha forchuirtear tacar comhchoiteann freagrachtaí ar ghnólaicthe ar líne a sholáthraíonn seirbhísí san Aontas, lena n-áirítear ar ardáin ar líne a dhéanann idirghabháil idir díol táirgí agus seirbhísí. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteach leagtar síos oibleagáidí maidir le "comhlíonadh trí dhearadh" a cheanglaíonn ar ardáin a gcomhéadain ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach a chuireann ar a gcumas faisnéis áirithe a thaispeáint (a mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhíse a cháilíonn mar "thrádálaithe" agus sin amháin) agus liostaí neamhdhleathacha a bhaint anuas.

²⁴ Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthrachtála peataí, IO L 178, 28.6.2013, lch. 1

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is iad bunúis dlí an togra Airteagal 43(2) agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é go mbaineann an togra seo le pórú, coimeád agus trádáil madraí agus cat, ar ainmhithe beo iad a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, agus is é a chuspóir feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú do mhadraí agus do chait, a bhfuil ceanglais chomhchoiteanna maidir le leas ainmhithe in easnamh ina leith, saobhadh agus bacainní ar thrádáil sna hainmhithe sin a sheachaint mar gheall ar rialacha náisiúnta éagsúla maidir le leas ainmhithe, agus ardleibhéal leasa ainmhithe agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á n-áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear ó thrádáil neamhdhleathach.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Is é is cuspóir don togra seo an trádáil i madraí agus i gcait sa mhargadh inmheánach a rialáil, lena n-áirítear allmhairí ó thríú tíortha, chun forbairt réasúnach na hearnála a áirithiú agus bacainní ar thrádáil agus ar thrádáil neamhdhleathach i gcait agus i madraí a chomhrac agus, ag an am céanna, leibhéal ard cosanta do leas ainmhithe a áirithiú. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú agus iad ag gníomhú astu féin agus ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt orthu. Dá ndéanfadh na Ballstáit amháin gníomhaíocht, bheadh an baol ann go ndéanfaí an margadh inmheánach a ilroinnt tuilleadh. Is dócha go leanfaidh difríochtaí den sórt sin i leibhéal na cosanta do leas ainmhithe de bheith ann agus go mbeidh siad níos measa mar fhreagairt ar éilimh na saoránach, agus dá bhrí sin go ndéanfar an margadh inmheánach i gcait agus i madraí a dheighilt.

Mar shampla, an toirmeasc ar chineál áirithe cleachtas pianmhar (ciorrú ag cluasa, sciotadh eireaball) i roinnt Ballstát, nach ann dó i mBallstáit eile, feidhmíonn sin chun aimhleas trádálaithe a choimeádann leibhéal arda leasa ainmhithe mar nach féidir leo tairbhe a bhaint as a n-infheistíochtaí i gcaighdeáin arda leasa nuair a thrádálann siad ar bhonn trasteorann. D'fhéadfadh sé go n-athlonnófaí an táirgeacht go Ballstáit, áit nach bhfuil feidhm ag toirmeasc den sórt sin mar thoradh air sin.

Is minic a dhéantar gníomhaíocht ionad dídine ainmhithe ar bhonn trasteorann, i bhfianaise inrochtaineacht seirbhísí ar líne chun aistriú ainmhithe a fhógairt sna cásanna sin. Féadfaidh roinnt ionad dídine ainmhithe a bheith ag tairiscint cat agus madraí lena ndíol freisin. Ós rud é go soláthraíonn ionaid dídine ainmhithe líon ainmhithe don mhargadh is féidir a mheas a bheith suntasach, is gá iad a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, is cuma más féidir an ghníomhaíocht a dhéantar a mheas mar ghníomhaíocht eacnamaíoch, toisc go n-aisíoctar na costais réasúnacha ar a laghad. Dá bhrí sin, ba cheart ionaid dídine ainmhithe a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo agus faoi réir roinnt de cheanglais an Rialacháin seo, maidir leis na cúig réimse a bhaineann le leas ainmhithe, inniúlacht cúramóirí ainmhithe, cuairteanna ó thréidlianna, agus sainaitheint agus clárú ainmhithe.

Tá inrianaitheacht madraí agus cat fíor-riachtanach chun trádáil neamhdhleathach sna hainmhithe sin a chomhrac. Is deacair faoi láthair inrianaitheacht madraí agus cat a sholáthraítear ar mhargadh an Aontais a áirithiú. Ós rud é gur féidir madraí agus cait a thrádáil thar theorainneacha laistigh den Aontas agus nach bhfuil bunachair sonraí náisiúnta atá ann cheana idir-inoibritheach, ní féidir le Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana agus tá gá le hidirghabháil ar leibhéal an

Aontais. Chun go mbeidh siad éifeachtach, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha inrianaitheachta maidir leis na madraí go léir a sholáthraítear san Aontas, is cuma cén chríoch atá beartaithe dóibh.

- **Comhréireacht**

Leagtar síos leis an togra seo íoscheanglais maidir le leas ainmhithe i ndáil le pórú, coimeád agus cur ar mhargadh an Aontais madraí agus cait. Tá na rialacha sin fíor-riachtanach chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach don chuspóir sin.

Go háirithe, chun comhréireacht a áirithiú, níl feidhm ag forálacha an togra seo maidir le pórú agus coimeád i mbunaíochtaí ar bunaíochtaí an bheaga iad. Ní chuirtear póraitheoirí ar lú ná líon áirithe ála in aghaidh na bliana iad faoi réir rialacha maidir leis an gcaoi nach mór na madraí agus na cait a phórú agus a choimeád, agus ní cheanglaítear orthu ach na madraí nó na cait a shainaithint agus a chlárú sula gcuirtear iad san Aontas. Glactar cur chuige comhchosúil maidir le hionaid dídine ainmhithe agus siopaí peataí ina gcoimeádtar líon beag madraí nó cat, nach gceanglaítear orthu ach na madraí nó na cait a shainaithint agus a chlárú sula soláthraítear iad san Aontas. Ós rud é nach bhfeidhmíonn ionaid dídine ainmhithe ar mhaithe le brabúis de ghnáth, níl gá le roinnt de na forálacha is gá le haghaidh ionad pórúcháin agus siopaí peataí le haghaidh ionaid dídine ainmhithe – mar shampla na ceanglais mhionsonraithe maidir le tithíocht (teocht, liúntas spáis, soilsiú) – chun comhréireacht rialacha an Aontais maidir le hionaid dídine ainmhithe a áirithiú.

Ina theannta sin, cé go gceanglaítear ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a sholáthraíonn madraí nó cait san Aontas a áirithiú go ndéantar na hainmhithe a mhicrishiú agus go gcláraítear iad, is gá sin chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú maidir lena chuspóirí a bhaint amach, go háirithe chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac, agus go bhfuil sé comhréireach i bhfianaise thionchar teoranta an cheanglais sin ar dhaoine nádúrtha a sholáthraíonn madraí nó cait ar mhargadh an Aontais (féach an roinn “measúnú tionchair” thíos). Ní fhorchuirtear leis an togra an oibleagáid sin ar dhaoine nádúrtha a sholáthraíonn madraí nó cait ó am go chéile ar mhargadh an Aontais seachas trí sheirbhísí ar líne.

Leis an togra seo, ceadáítear do na Ballstáit rialacha náisiúnta níos déine a choimeád ar bun nó a ghlacadh maidir le dálaí tithíochta, ciorruithe, saibhriú, roghnú agus cláir phóraithe fad nach gcuireann siad toirmeasc ná bac ar mhadraí agus cait a choimeádtar i mBallstát eile a chur ar an margadh laistigh dá gcríoch ar na forais nár coimeádadh na madraí agus na cait lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta níos déine sin.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim a mholtar: Rialachán.

Chun pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cait a rialáil, chomh maith le hinrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar an margadh agus a sholáthraítear, tá gá le hoibríochtaí teicniúla agus rialacha ar cheart dóibh a bheith beacht chun cothroime iomaíochta na n-oibreoirí laistigh den mhargadh inmheánach a áirithiú. Is fearr is féidir an leibhéal beachtais agus comhchuibhithe is gá a bhaint amach i Rialachán atá ceangailteach go díreach, seachas trí úsáid a bhaint as Treoracha.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl sé infheidhme ós rud é nach bhfuil aon reachtaíocht ann faoi láthair maidir le leas madraí agus cat.

Mar sin féin, pléitear sa tSeiceáil Oiriúnachta ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe an bhearna sin sa reachtaíocht atá ann cheana maidir le madraí agus cait a chuirtear ar mhargadh an Aontais a chosaint. Sa Chomhairliúchán Poiblí a rinneadh chun tacú leis an tSeiceáil Oiriúnachta, mheas formhór mór na bhfreagróirí go bhfuil ceanglais maidir le leas ainmhithe a bhaineann go sonrach le speicis ar iarraidh i gcás cat (79 %, 47 064 as 59 286) agus madraí (80%, 47 272 as 59 286). Léiríodh é sin in agallaimh le páirtithe leasmhara freisin. Mar shampla, chuir eagraíocht ghairmiúil amháin (a dhéanann ionadaíocht ar thréidlianna) in iúl go bhfuil peataí thar a bheith tábhachtach do thomhaltóirí, agus go mbaineann go leor fadhbanna leasa leis na hainmhithe sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara trí ghníomhaíochtaí an tionscnaimh dheonaigh maidir le leas madraí agus cat²⁵ chomh maith le sraith cruinnithe déthaobhacha le heagraíochtaí póraitheoirí madraí, an tionscal bia peataí, seirbhísí ar líne, tionscal cógaisíochta agus eagraíochtaí leasa ainmhithe.

Tháinig páirtithe leasmhara ar chomhaontú maidir leis na fadhbanna a sainaithníodh (easpa cothrom na Féinne, cleachtais chalaoiseacha a dhéanann dochar do thomhaltóirí chomh maith le hainmhithe, ról na seirbhísí ar líne agus na meán sóisialta) agus maidir leis an ngá go mbunódh an tAontas sraith comhrialacha chun an margadh sin a rialáil. Go háirithe, thacaigh ardáin ar líne le córas comhchuibhithe do pheataí ar leibhéal an Aontais, agus measadh gur cheart go mbeadh sé sin ina dheis chun iontaobh agus iontaofacht na mbealaí díolacháin ar líne a fheabhsú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuarascáil ar chúnamh eolaíoch agus teicniúil maidir le gnéithe leasa a bhaineann le pórú, beathú, tithíocht agus sláinte cat agus madraí in ionaid phórúcháin²⁶. Tá moltaí i dtuarascáil EFSA maidir leis an gcineál tithíochta agus aclaíochta, maidir le teocht agus solas na tithíochta, maidir le hidirghabhálacha sláinte agus máinliachta pianmhara.

Chuir an Coimisiún san áireamh freisin conclúidí thionscnaimh dheonacha Ardán Leas Ainmhithe an Aontais maidir le leas peataí (madraí agus cait) sa trádáil ina bhfuil sraith treoirlínte maidir le pórú freagrach madraí, pórú cat, gluaiseachtaí tráchtála madraí agus cat, sóisialú coileán agus piscíní, ardáin ar líne a dhíolann

²⁵ https://food.ec.europa.eu/animals/animal-welfare/eu-platform-animal-welfare/platform-conclusions_en#pets

²⁶ EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023, Scientific and technical assistance on welfare aspects related to housing and health of cats and dogs in commercial breeding establishments. [Cúnamh eolaíoch agus teicniúil maidir le gnéithe leasa a bhaineann le tithíocht agus sláinte cat agus madraí in ionaid phórúcháin tráchtála.] EFSA Journal [Iris EFSA] 21(9), 1–105. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8213>

madraí agus treoiríní do cheannaitheoirí madraí. Tá tuairim EFSA agus conclúid ardán leasa ainmhithe an Aontais ar fáil go poiblí ar an Idirlíon. Cuireadh san áireamh ann freisin an dá thuarascáil a cuireadh ar fáil chun na críche sin leis an tionscnamh deonach sin: tuarascáil ar mholtaí maidir le gnéithe féideartha do reachtaíocht an Aontais maidir le margaíocht agus díolachán²⁷ a dhéanamh ar mhadraí agus ar chait agus tuarascáil ar mholtaí maidir le gnéithe féideartha do reachtaíocht an Aontais maidir le pórú madraí agus cat²⁸.

- **Measúnú tionchair**

Déanfar an anailís agus an fhianaise thacaíochta uile a leagan amach i nDoiciméad inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a fhoilseofar laistigh de thrí mhí ar a dhéanaí ó fhoilsiú an togra.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh ar an bhFianaise atá ar Fáil maidir le tionchar:

Meastar go mbeidh feidhm ag an togra maidir le thart ar 24 000 agus 30 000 póraitheoir madraí tráchtála, agus idir 8 000 agus 10 000 póraitheoir cat tráchtála²⁹ a bhfuil 20 % díobh ina bpóraitheoirí ginealaigh tráchtála³⁰. Meastar go dtáirgeann póraitheoirí tráchtála neamhghinealaigh thart ar 4.4 milliún coileán agus 1 mhilliún piscín de tháirgeadh bliantúil an Aontais Eorpaigh ar mhadraí agus ar chait (a chomhfhreagraíonn do thart ar 50 % de na madraí agus de na cait a bheirtear agus a phóraithear san Aontas gach bliain).

Riachtanais tithíochta

Chuirfí feabhas ar leas na madraí agus na gcat a phóraithear san Aontas leis na ceanglais nua trí níos mó saoirse gluaiseachta a sholáthar i dtimpeallacht gan cásanna, le criosanna compoird teirmeacha inar féidir leo freastal ar a riachtanais fhiseolaíocha, chomh maith le níos mó spáis do ghníomhaíocht agus do thimpeallacht chasta a bhuí le rochtain lasmuigh/laistigh³¹.

Níl coinne leis go n iompróidh póraitheoirí tráchtála madraí agus cat ginealaigh aon chostas breise ós rud é go n urramaíonn siad ceanglais chomhionanna nó níos déine leasa cheana féin de ghnáth ná na ceanglais a fhorchuireann na heagraíochtaí ginealaigh a bhfuil siad ina mbaill díobh³².

Bíonn éagsúlacht mhór sna cúiseanna i ndáil le madraí agus cait a thabhairt isteach in ionaid dídine ainmhithe ach áirítear leo ainmhithe seachráin agus ainmhithe tréigthe, ainmhithe a tógadh isteach a tugadh ar ais agus piscíní agus coileáin a rugadh in ionaid dídine ainmhithe³³. Tá líon na n ainmhithe seachráin agus na n ainmhithe in

²⁷ https://food.ec.europa.eu/system/files/2023-07/aw_platform_plat_conc_recom_dog-cat_sales.pdf

²⁸ https://food.ec.europa.eu/system/files/2023-07/aw_platform_plat_conc_recom_dog-cat_breeding.pdf

²⁹ Comhairliúchán le páirtithe leasmhara le hionadaithe póraitheoirí ginealaigh, le comhlachas agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun leas ainmhithe a chosaint.

³⁰ IBF International Consulting, Study on the Welfare of Dogs and Cats involved in Commercial Practices, final report, SANCO, EU COM, 2015. [Staidéar ar Leas Madraí agus Cat a mbaineann Cleachtais Tráchtála leo, tuarascáil chríochnaitheach]

³¹ Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

³² Comhairliúchán le páirtithe leasmhara le hionadaithe póraitheoirí ginealaigh madraí/cat.

³³ Van der Leij, W. J. L. et al, 'Quantification of a shelter cat population: trends in intake, length of stay and outcome data of cats in seven Dutch shelters between 2006 and 2021', [Líon na gcat atá in ionad dídine ainmhithe a cháinníochtú: treochtaí maidir le sonraí i leith tabhairt isteach, fad fanachta agus

ionaid dídine ainmhithe ard go háirithe i dtíortha Theas agus Thoir na hEorpa³⁴. Tá forálacha Eorpacha maidir le hionaid dídine ainmhithe in easnamh faoi láthair, agus in ainneoin go bhfuil bearta náisiúnta áirithe i bhfeidhm ag go leor Ballstát, tá dálaí leasa ainmhithe i go leor ionaid dídine Eorpacha scanrúil³⁵. Go háirithe tá riosca mór ag baint le plódú in ionaid dídine ainmhithe de dheasca drochdhálaí leasa ainmhithe³⁶.

Ceanglais maidir le pórú

Dá dtabharfaí isteach aois íosta le haghaidh póraithe do mhadraí bainearna agus do chait bhaineana, srianadh ar an rithim atáirgthe agus ceanglas chun faireachán a dhéanamh ar shláinte agus ar leas mhadraí bainearna agus chait bhaineana atá os cionn aois áirithe, bheifí in ann aibíocht fhisiceach agus fhiseolaíoch na n ainmhithe a urramú, rud a chuirfeadh feabhas ar a leas^{37,38}. Tá creat dlíthiúil ag roinnt Ballstát de AE cheana féin a leagann síos aois íosta/uasta pórúcháin. Níl aon riachtanais den sórt sin ag daoine eile ar chor ar bith³⁹. Dá bhrí sin, rannchuideodh an togra le cothroime iomaíochta do gach cineál póraitheora. Seachnófar cur isteach ar na timthriallta táirgthe le hidirthréimhse iomchuí lena n áiríteofar go mbeidh am ag oibreoirí oiriúnú do na rialacha nua agus, ar an gcaoi sin, go seachnófar cur isteach ar sholáthar madraí agus cat do thomhaltóirí.

Formheas ionad pórúcháin

Ní mór d'ionaid phórúcháin a bheith cláraithe cheana féin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe")⁴⁰. Mar sin féin, déantar clárú gan iniúchadh ón údarás inniúil chun a fhíorú go gcomhlíonann an bhunaíocht na rialacha maidir le leas ainmhithe. Ina theannta sin, rialaíonn Ballstáit áirithe (amhail an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Phortaingéil) ionaid phórúcháin ina reachtaíocht náisiúnta. Formheasann roinnt Ballstát ionaid phórúcháin bunaithe ar chritéir leasa ainmhithe, ach ní ar na Ballstáit go léir, agus úsáideann na Ballstáit sin a bhfuil ceanglais den sórt sin acu tairseacha éagsúla chun ionaid phórúcháin a

torthaí maidir le sonraí cat i seacht n ionad dídine ainmhithe san Ísiltír idir 2006 agus 2021], *PLOS ONE*, Iml. 18, 5, PLOS ONE, 2023, <https://doi.org/10.1371/journal.pone.0285938>.

³⁴ Veto Tierschutz, *Wo wir helfen, arna rochtain i mí na Samhna 2023*.

³⁵ Veto Tierschutz, *Wo wir helfen, arna rochtain i mí na Samhna 2023*.

³⁶ McCobb, E. agus Dowling-Guyer, S., "Welfare assessments for long-term housing in animal shelters," [Measúnuithe leasa le haghaidh tithíocht fhadtéarmach in ionaid dídine ainmhithe,] *Veterinary record [Táifead tréidliachta]*, Iml. 178, 1, lgh. 17-18, <https://doi.org/10.1136/vr.h6936>.

³⁷ Voluntary Initiative on the Health and Welfare of Pets (Dogs and Cats) in Trade [Tionscnamh Deonach maidir le Sláinte agus Leas Peataí (Madraí agus Cait) i dTrádáil], *Welfare in Pet Trade, Responsible dog breeding guidelines* [Leas i dTrádáil Peataí, Treoirlinnte maidir le pórú freagrach madraí], DOC/2020/11972 Rev1, 2020.

³⁸ Voluntary Initiative on the Health and Welfare of Pets (Dogs and Cats) in Trade [Tionscnamh Deonach maidir le Sláinte agus Leas Peataí (Madraí agus Cait) i dTrádáil], *Welfare in Pet Trade, Responsible cat breeding guidelines* [Leas i dTrádáil Peataí, Treoirlinnte maidir le pórú freagrach cat], DOC/2020/11982 Rev1, 2020.

³⁹ EU Dog & Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], *The welfare of dogs and cats involved in commercial practices: [Leas madraí agus cat a mbaineann cleachtais tráchtála leo:] a review of the legislation across EU countries* [athbhreithniú ar an reachtaíocht ar fud thíortha an Aontais]; EU Dog and Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], *National Legislation – EU Dog & Cat Alliance (dogandcatwelfare.eu)*.

⁴⁰ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe"), IO L 84, 31.3.2016, lch. 1–208.

mheas mar bhunaíochtaí gairmiúla atá faoi réir ceanglas formheasa, rud a threisíonn éagothroime iomaíochta don earnáil⁴¹.

Leis an gceanglas atá ann cheana ionad pórúcháin a chlárú, is féidir leis na húdaráis inniúla tógáil ar na clárlanna atá ann cheana agus éascófar sainaithint na mbunaíochtaí a dteastaíonn formheas uathu. Maidir le póraitheoirí ginealaigh, is dócha go mbeadh sé éasca an ceadú a fháil (mar is gnách go gcomhlíonann siad ceanglais níos airde maidir le leas ainmhithe cheana féin).

Sainaithint agus clárú madraí agus cat agus bunachair sonraí náisiúnta

Le sainaithint éigeantach (ag trasfhreagróirí a léitear go leictreonach) agus le clárú i mbunachar sonraí náisiúnta gach madra agus cat sula gcuirtear ar an margadh iad nó sula soláthraítear iad, chuirfí feabhas ar inrianaitheacht madraí agus cat (go háirithe in éineacht le coinníollacha sonracha nuair a dhíoltar nó nuair a ghlactar na madraí nó na cait trí ardáin ar líne⁴²). Mar thoradh air sin, is fearr a bheidh na húdaráis inniúla in ann rialú a dhéanamh ar chéannacht agus ar thionscnamh madraí agus cat a thrádáiltear agus a chuirtear sa chúrsaíocht ar an margadh inmheánach, agus calaois a dhíspreagadh, agus ar an gcaoi sin rialú níos fearr a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le leas ainmhithe sa bhunaíocht tionscnaimh.

In 24 Bhallstát, tá clárú madraí den sórt sin éigeantach cheana féin. In dhá cheann de na trí Bhallstát eile, rialaítear é i roinnt dá réigiúin, agus níl aon cheanglais den sórt sin ar chor ar bith ag aon Bhallstát amháin. Dá bhrí sin, bheadh costas an bhirt teoranta go praiticiúil (cé nach bhfuil chomh teoranta céanna do chait, nach bhfuil sainaithint agus clárú éigeantach dóibh ach amháin i seacht mBallstát⁴³).

Ní bheidh tionchar ag an mbeart ar phóraitheoirí coileán ná piscíní ginealaigh, ós rud é go bhfuil na póraitheoirí sin mar chuid de chomhlachais a bhfuil ceanglais chomhchosúla acu ó thaobh sainaithint agus clárú de⁴⁴. I gcás gníomhaithe eile a chuireann madraí agus cait ar mhargadh an Aontais, bheadh tionchar eacnamaíoch teoranta ag an togra: meastar gurb é thart ar EUR 50 an costas atá ar an oibreoir nó ar an soláthróir chun trasfhreagróir a ionphlandú agus clárú ag tréidlia (tá éagothromaíochtaí ann ar fud na mBallstát, áfach)⁴⁵. Sna Ballstáit ina bhfuil clárú madraí (24) agus cat (7) éigeantach cheana féin⁴⁶, ní bheadh aon chostas breise ann.

Beidh tionchar ag an gceanglas maidir le hidir-inoibritheacht bunachar sonraí náisiúnta a áirithiú ar gach Ballstát. Tá sé sin rithábhachtach chun inrianaitheacht chuí a áirithiú agus chun go mbeidh córais fíoraithe ag feidhmiú go hiomlán. Léiríonn taithí i roinnt Ballstát agus tríú tíortha gur féidir idir-inoibritheacht a bhaint amach trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir a fhorbairt. Beartaítear idirthréimhse ionas go mbeidh na Ballstáit in ann na hoiriúnuithe sin a dhéanamh. Faoi láthair, nascann tionscnamh príobháideach, ar a dtugtar Europetnet, bunachair

⁴¹ EU Dog and Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], [National Legislation – EU Dog & Cat Alliance \[Reachtaíocht Náisiúnta – Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais\] \(dogandcatwelfare.eu\)](#).

⁴² Eurogroup for Animals, *The illegal pet trade [An trádáil neamhdhleathach i bpeataí]: game over [tá deireadh leis an gluiche]*, 2020, caibidil 3.

⁴³ EU Dog and Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], *Am Reachtaíocht Náisiúnta*.

⁴⁴ Féach mar shampla Fédération Internationale Féline, *FIFe Breeding & Registration Rules* [Rialacha Pórúcháin agus Clárúcháin], 2023 nó Fédération Cynologique Internationale, *International Breeding Rules of the FCI* [Rialacha Pórúcháin Idirnáisiúnta FCI].

⁴⁵ Bunaithe ar chomparáidí costais idir Ballstáit éagsúla agus Europetnet, [Micrishlis á gcur isteach](#).

⁴⁶ EU Dog and Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], *Am Reachtaíocht Náisiúnta*.

sonraí náisiúnta agus réigiúnacha 17 mBallstát cheana féin (cé gur ar bhonn deonach a dhéantar é)⁴⁷. Dá bhrí sin, bheadh an tionchar a bheadh ag ceanglas den sórt sin cuíosach teoranta.

Díolachán ar líne

Meastar go gceannaíonn thart ar 60 % d'úinéirí madraí agus cat a bpeataí trí mheán an idirlín. Is ionann sin agus timpeall 4.8 milliún madra agus 1.2 milliún cat⁴⁸. Tá ar a laghad 75 ardán ar líne ar fud an Aontais a dhéanann idirmheán ar dhíol nó ar dheonú madraí agus cat⁴⁹. Déantar madraí a thairgtear ar líne a rialáil faoi láthair in ocht mBallstát, agus déantar cait a thairgtear ar líne a rialáil faoi láthair i seacht mBallstát ar a laghad⁵⁰. Tá roinnt éagsúlachtaí sna cuir chuige rialála náisiúnta sin. Mar shampla, san Ostair, ní féidir ach le póraitheoirí cláraithe fógraíocht a dhéanamh ar líne. Sa Bhruiséil agus i bhFlóndras, ní mór uimhir cheadaithe na bpóraitheoirí madraí agus cat a bheith san áireamh san fhógra ar líne nuair a bhíonn an fógróir ina bhainisteoir ar bhunaíocht fhormheasta (póraitheoir/díoltóir/ionad dídine ainmhithe). Ní mór uimhir na micrishlise a bheith i measc na faisnéise a chuirtear ar fáil san fhógra.

Chuirfeadh an togra ar chumas faighteoirí madraí agus cat barántúlacht shainaithint agus chlárú madraí agus cat a fhíorú trí shuíomh gréasáin atá nasctha le bunachair sonraí náisiúnta. Bheadh ar ardáin ar líne a gcomhéadan a oiriúnú ionas go gcuirfeadh na soláthraithe an fhaisnéis is gá ar fáil do cheannaitheoirí chun an láithreán gréasáin a úsáid chun barántúlacht shainaithint agus chlárú madraí agus cat a fhíorú.

Bunaithe ar thionscnaimh phríobháideacha, tá córais arna bhforbairt agus á n-úsáid go deonach cheana féin ag ardáin áirithe ar líne trína ndéantar barántúlacht shainaithint agus chlárú na madraí agus na gcat a fhíorú sula bhfoilsítear an tairiscint ar ardán ar líne. Ina theannta sin, tá tús curtha ag Ballstáit áirithe le húsáid na gcóras fíoraithe sin a éileamh. Sa Fhrainc, ón 1 Iúil 2023, ní mór d'ardáin a fhíorú go soláthraíonn fógraí maidir le madraí nó cait a dhíol an fhaisnéis shainordaitheach go léir sula bhfoilseofar aon fhaisnéis (lena n-áirítear céannacht an phóraitheora agus sainaithint an ainmhí) atá le fíorú ar bhealach uathoibrithe i gcoinne an bhunachair sonraí náisiúnta. Ag deireadh an phróisis seo, luaitear “fógra fíoraithe” ar an bhfógra foilsithe. Sa Ghearmáin, in 2021, d'fhógair an rialtas rún chun ceanglais chomhchosúla a fhorbairt d'fhonn fíorú sainordaitheach céannachta a thabhairt isteach le haghaidh trádáil peataí ar líne.

Chuirfeadh córas den sórt sin feabhas mór ar an inrianaitheacht – dá bhrí sin, chuirfeadh sé ar chumas díoltóirí, ardáin ar líne, faighteoirí agus údaráis inniúla sainaithint agus clárú madra nó cait a sheiceáil go héasca.

Teacht isteach san Aontas

Tagann cuid mhór madraí agus cat isteach san Aontas, agus allmhairítear na mílte ainmhithe gach bliain. Chomh maith leis an allmhairiú dlíthiúil, tá an trádáil

⁴⁷ Europetnet, [Comheagraíochtaí](#).

⁴⁸ Meastachán bunaithe ar Chomhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais agus Blue Cross, *Díolacháin peataí ar líne san Aontas Cad é an costas?*

⁴⁹ Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais agus Blue Cross, *Díolacháin peataí ar líne san Aontas Cad é an costas?*

⁵⁰ EU Dog and Cat Alliance [Comhghuaillíocht Madraí agus Cat an Aontais], *An Reachtaiocht Náisiúnta*.

neamhdhleathach ó lasmuigh den Aontas ag méadú le blianta beaga anuas, agus braitheadh 45 % de neamhchomhlíonadh agus de chásanna amhrasta calaoise laistigh den Aontas nó ag a theorainneacha le linn ghníomhaíocht chomhordaithe an Aontais lena mbaineann madraí agus cait a thagann go díreach ó thríú tíortha amhail an tSeirbia, an Bhealarúis, an Rúis agus an Tuirc⁵¹. Ní mór uirlisí breise a chomhlánú le rialacha reatha an Aontais maidir le gluaiseachtaí madraí agus cat, amhail forálacha Rialachán 576/2013 agus an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, chun deiseanna le haghaidh trádáil neamhdhleathach den sórt sin a theorannú.

Tá roinnt Ballstát ar pointí iontrála madraí agus cat isteach san Aontas iad, amhail an Laitvia, tar éis neamhchomhlíonadh atriallach agus cásanna amhrasta calaoise le coinsíneachtaí a bhreathnú agus mí-úsáid na ndoiciméad gluaiseachta neamhthráchtála chun críocha trádála, agus méadú ar mhéid na madraí agus na gcat a thagann isteach ón Rúis agus ón mBealarúis. Mar thoradh air sin, tá bearta náisiúnta á mbreithniú ag cuid de na Ballstáit sin – mar shampla tá bearta rialaithe breise tugtha isteach ag an Laitvia tráth an allmhairithe. Mura ndéanfar aon ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, áfach, is dócha go n atreoródh sé sin na gluaiseachtaí sin chuig teacht isteach san Aontas trí Bhallstáit eile.

Ina theannta sin, tá fianaise láidir ann go bhfuil leibhéal an ard imní ar shaoránaigh an Aontais maidir le leas madraí agus cat a phóraítear agus a choimeádtar i mbunaíochtaí agus a sholáthraítear ar mhargadh an Aontais, lena n áirítear imní ó thaobh a sláinte de. Is féidir é sin a fheiceáil san Eorabharaiméadar thuasluaite maidir le leas ainmhithe agus rún ó Pharlaimint na hEorpa, chomh maith leis an líon an ard achainíocha, ceisteanna parlaiminteacha, gearáin agus litreacha ar an ábhar sin a fuair an Coimisiún Eorpach ó shaoránaigh, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó pharlaiminteoirí. Is féidir é a léiriú freisin le líon na sínithe a fhaigheann feachtais arna n eagrú ag eagraíochtaí neamhrialtasacha leasa ainmhithe i mBallstáit áirithe.

Dá dtabharfaí isteach ceanglais leasa ainmhithe maidir le hionaid phórúcháin, siopaí peataí agus ionaid dídine ainmhithe san Aontas, gan ceanglais choibhéiseacha a bheith ag teastáil maidir le hallmhairí madraí agus cat ó thríú tíortha, bheadh méadú ar allmhairí den sórt sin ó bhunaíochtaí tríú tíortha a chuireann drochdhálaí leasa i bhfeidhm. Tharlódh sé sin, mar gheall ar phraghsanna tarraingteacha agus easpa faisnéise ó thomhaltóirí an Aontais maidir leis na coinníollacha leasa sa bhunaíocht tionscnaimh. Dá bhrí sin, ní bhainfí amach cuspóir bheartas leasa ainmhithe an togra seo i gceart, agus ní thabharfaí aghaidh ar ábhair imní shaoránaigh an Aontais.

Thairis sin, tá na bearta a mheastar a bheidh ag teastáil freisin chun madraí agus cait a allmhairiú (cuairteanna tréidliachta i mbunaíochtaí, bunaíochtaí chun ceanglais maidir le beathú, tithíocht, sláinte, riachtanais iompraíochta agus ciorruithe a chomhlíonadh), riachtanach chun sláinte madraí agus cat a chosaint, chomh maith le sláinte phoiblí.

Mar thoradh ar imthosca fo-optamacha pórúcháin cat agus madraí in áiseanna dianphórúcháin tráchtála (ar a dtugtar “feirmeacha coileán”) baintear úsáid iomarcach as ainmhithe bainneanna le haghaidh póraithe. Mar thoradh air sin go han mhinic bíonn tnáitheadh, caiceise, agus soghabhálacht do ghálair thógálacha, chomh maith le fad saoil laghdaithe.

⁵¹ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Trádáil neamhdhleathach *cat agus madraí, gníomh forfheidhmithe AE*, 2023, doi:10.2875/236344. .

Is riosca tromchúiseach é easpa inrianaitheachta agus vacsaíniú cuí maidir le zónóisí a tharchur, amhail an confadh agus an eicineacócóis, agus dá bhrí sin rioscaí sláinte poiblí san Aontas. Lagchoinníollacha beathaithe agus tithíochta lena n áirítear leibhéil ísle sláinteachais, chomh maith le cleachtais pjianmhara á n úsáid amhail ciorruithe, lagaíonn siad córais imdhíonachta na n ainmhithe agus tá baint acu le húsáid mhéadaithe ábhar frithmhiocróbach, a bhfuil éifeacht aige ar fhorbairt ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach i ndaoine. De dheasca bearta neamhlleora chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompraíochta na n ainmhithe agus chun sóisialú cuí a dhéanamh ar na coileáin agus na piscíní, cruthaítear saincheisteanna iompraíochta sna coileáin agus sna piscíní, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hábhar inní tromchúiseach níos déanaí sa saol maidir le sábháilteacht phoiblí de dheasca forbairt ar iompar ionsaitheach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Eisiatar leis an togra póraitheoirí beaga madraí agus cat agus siopaí peataí beaga agus ionaid dídine ainmhithe ó na ceanglais is infheidhme maidir le bunaíochtaí toisc go mbeadh rialacha den sórt sin díréireach. Ina theannta sin, braitheann an togra ar uirlisí digiteacha (go háirithe idir-inoibritheacht bhunachair sonraí náisiúnta madraí agus cat) chun an cuspóir beartais maidir le calaois a theorannú a bhaint amach.

- **Ceartha bunúsacha**

Áirítear leis an gcumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann leis na bunachair sonraí náisiúnta maidir le madraí agus cat, agus leis an gcóras fíoraithe d'ardáin ar líne, oibleagáidí ar an gCoimisiún forálacha maidir le cosaint sonraí a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Tá an tionchar ar bhuiséad an Aontais mionsonraithe sa ráiteas airgeadais agus is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh air:

Éileofar leis an togra acmhainní daonna breise chun cur chun feidhme na reachtaíochta a bhainistiú agus chun bunachair sonraí idir-inoibritheacha a fhorbairt chun madraí agus caít a shainaithint agus a chlárú (3 FTE).

Ag an am céanna, meastar go bhfuil gá le buiséad oibríochtúil EUR 1.5 milliún chun forbairt agus oibriú tosaigh an chórais fíoraithe maidir le barántúlacht na sainaitheanta agus an chláraithe seo le haghaidh tairiscintí trí Ardáin ar líne agus chun idir-inoibritheacht bunachair sonraí náisiúnta a áirithiú agus ansin, EUR 300,000 in aghaidh na bliana lena chothabháil agus lena oibriú.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tugtar isteach leis an togra seo liosta táscairí beartais, a fhéadfadh a athbhreithniú agus a chomhlánú, agus ceanglas ar na Ballstáit tuairisciú orthu go rialta don Choimisiún, toisc go bhfuil gá leis sin chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar rath an Rialacháin seo. Ar an mbonn sin, foilseoidh an Coimisiún deais a nuashonraítear go rialta ina léireofar sonraí maidir le leas madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais.

Chun a bheith in ann fianaise láidir a bhailiú tar éis na n idirthréimhsí 7 mbliana, ba cheart tuarascáil mheastóireachta a thíolacadh 15 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Caibidil I - Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Cumhdaítear leis an raon feidhme seo pórú agus coimeád madraí agus cat i mbunaíochtaí (lena n áirítear siopaí peataí agus ionaid dídine ainmhithe) agus a gcur ar an margadh nó a dtairiscint lena dtabhairt isteach gan aon chostas. Cumhdaítear leis an togra freisin inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar an margadh nó a sholáthraítear san Aontas. Ní áirítear leis madraí agus cait a choinnítear chun críocha eolaíocha.

Caibidil II – An oibleagáid ar oibreoirí bunaíochtaí

Níl feidhm ag an gcaibidil seo maidir le bunaíochtaí beaga.

Tugann sé isteach prionsabail leasa ainmhithe bunaithe ar choincheap na “gcúig fhearann”, i.e. riachtanais na n ainmhithe i dtéarmaí cothaithe, timpeallachta, sláinte, iompair agus staid mheabhrach.

Bunaítear leis an gcaibidil seo freisin oibleagáid ar oibreoirí fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir lena ngníomhaíochtaí agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir le húinéireacht fhreagrach.

Leagtar amach sa Chaibidil seo na ceanglais maidir le hinniúlacht cúramóirí ainmhithe agus ceanglaítear ar bhunaíochtaí cuairteanna tréidliachta a bheith acu.

Sa chaibidil ansin sainmhínítear ceanglais theicniúla maidir le beatha agus uisce a thabhairt d'ainmhithe, tithíocht, sláinte, riachtanais iompraíochta agus cleachtais phianmhara, le haghaidh ionad pórúcháin, siopaí peataí agus ionaid dídine ainmhithe (ach níl gá le roinnt forálacha le haghaidh ionaid dídine ainmhithe). Ina theannta sin, ceanglaítear leis go bhformheasfaidh na húdaráis inniúla ionaid phórúcháin. Tá feidhm iarchurtha 5 bliana ag forálacha maidir le tithíocht, sláinte agus formheas ionad pórúcháin.

Caibidil III- Sainaithint agus clárú madraí agus cat

Leis an gcaibidil seo, cuirtear d'oibleagáid ar bhunaíochtaí a choimeádann madraí agus cait agus ar sholáthraithe madraí agus cat san Aontas na hainmhithe lena mbaineann a shainaithint le micrishlis agus iad a chlárú i mbunachar sonraí.

Ceanglaítear leis freisin ar sholáthraithe madraí nó cat fianaise a thabhairt ar shainaithint agus ar chlárú. Ina theannta sin, ceanglaítear ar ardáin ar líne ina dtairgtear madraí nó cat lena soláthar chun a chur ar chumas soláthraithe cruthúnas a sholáthar maidir le sainaithint agus clárú madraí nó cait a thairgtear ar na hardáin sin. Ceanglaítear leis ar an gCoimisiún a áirithiú go bhforbrófar córas atá ar fáil go poiblí saor in aisce lena bhfóraithe barántúlacht shainaithint agus chlárú madraí nó cait.

Caibidil IV - Údaráis inniúla

Ceanglaítear leis an gcaibidil seo ar údaráis inniúla oiliúint a thairiscint do chúramóirí ainmhithe maidir le leas ainmhithe agus clárú oiliúna maidir le leas ainmhithe a fhorbheas.

Ceanglaítear leis an gcaibidil ar na Ballstáit bunachar sonraí a bhunú do mhadraí agus do chait a shainaithnítear le micrishlis.

Tá oibleagáid sa chaibidil freisin ar údaráis inniúla sonraí maidir le leas ainmhithe a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú, agus iad sin a thuairisciú don Choimisiún gach 3 bliana.

Caibidil V – Madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas

Tá rialacha sa chaibidil seo maidir le teacht isteach san Aontas madraí agus cait a phóráítear agus a choimeádtar i gcomhréir le dálaí an togra seo nó i gcoibhéis leo.

Caibidil VI - Forálacha nós imeachta

Sa chaibidil seo tá na forálacha maidir leis na cumhachtuithe don Choimisiún chun gnéithe neamhriachtanacha na n-ianscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a fhorlíonadh agus a leasú le gníomhartha tarmligthe, chun fianaise nua eolaíoch nó dul chun cinn teicniúil atá ábhartha maidir le leas ainmhithe a chur san áireamh.

Caibidil VII - Forálacha eile

Tá rialacha sa chaibidil seo maidir le bearta náisiúnta níos déine. Tá cead ag na Ballstáit rialacha den sórt sin a bhfuil feidhm acu a choinneáil nuair a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm. Ina theannta sin, ceadáítear do na Ballstáit reachtaíocht nua a ghlacadh lena mbunaítear forálacha náisiúnta níos déine a mhéid a bhaineann le dálaí tithíochta, saibhriú, ciorruithe agus straitéisí pórúcháin, ar choinníoll go bhfuil siad comhsheasmhach le rialacha an Aontais faoi seach agus nach gcuireann siad srian ar shaorghluaiseacht agus ar chur ar an margadh táirgí nach gcomhlíonann na ceanglais náisiúnta níos déine.

Ceanglaítear leis an gcaibidil freisin ar an gCoimisiún tuarascáil faireacháin a fhoilsiú gach 5 bliana maidir le leas madraí agus cat a chuirtear ar an margadh. Ceanglaítear leis an gcaibidil ar na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm, agus iad sin a chur in iúl don Choimisiún.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 43(2) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá ainmhithe beo, lena n-áirítear caít agus madraí, cumhdaithe le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá siad mar chuid de chomhbheartas talmhaíochta an Aontais. Tá margadh ann do na hainmhithe sin san Aontas, lena n-áirítear trádáil shubstaintiúil trasteorann. Tá go leor Ballstát ina sínitheoirí leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chosaint Peataí. Tá raon leathan fianaise ann maidir le feidhmiú fo-optamach an mhargaidh inmheánaigh do mhadraí agus do chait san Aontas agus maidir le trádáil neamhdhleathach sna hainmhithe sin laistigh den Aontas agus ar allmhairiú isteach san Aontas. Dá bhrí sin, is gá ceanglais íosta a bhunú maidir le leas madraí agus cat a phóraítear agus a choimeádtar i mbunaíochtaí, chomh maith le ceanglais neartaithe maidir le hinrianaitheacht madraí agus cat a sholáthraítear san Aontas.
- (2) Mar thoradh ar easpa forálacha leasa an Aontais maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cat, chomh maith le rialacha náisiúnta éagsúla i gcás inarb ann dóibh, is minic bheirtear, a phóraítear agus a dhíoltar nó a thugtar isteach na hainmhithe sin gan aon chostas, in imthosca a dhéanann dochar dá leas. Ní bhíonn cothroime iomaíochta ann idir póraitheoirí tráchtála madraí agus cat i mBallstáit éagsúla toisc go bhfuil dálaí leasa ainmhithe ar cheann de na príomhghnéithe d'iomaíochas na n-oibreoirí sin agus go bhfuil difríocht mhór eatarthu idir na Ballstáit. Mar thoradh air sin, tá an iomaíocht saofa, go háirithe i gcás póraitheoirí agus coimeádaithe ardchaighdeáin, nach bhfuil in ann luach airgid a chur ar a n-infheistíochtaí i leas ainmhithe nuair a thrádálann siad thar teorainn toisc go bhfuil siad ag tabhairt aghaidh ar oibreoirí a dhéanann brabús as dálaí leasa ainmhithe fo-

¹ IO C , lch. .

² IO C , lch. .

chaighdeánacha chun iomaíocht a chur i gcrích agus iad ag brú síos praghsanna agus ag laghdú caighdeán.

- (3) Chomh maith leis sin, ní thugtar cosaint leordhóthanach do thomhaltóirí mar is minic, agus madra nó cat á fháil acu, a thugann siad aghaidh ar iarmhairtí diúltacha na ndrochdhálaí leasa inar tógadh agus inar coinníodh na hainmhithe sna bunaíochtaí, amhail fadhbanna sláinte, fadhbanna iompraíochta nó lochtanna géiniteacha an mhadra nó an chait a ceannaíodh nó a fuarthas.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart íoscheanglais maidir le leas ainmhithe a leagan síos do bhunaíochtaí a bhíonn i mbun póru, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cat. Áiritheofar leis sin forbairt réasúnach na hearnála, dálaí aonfhoirmeacha iomaíochta agus cosaint tomhaltóirí, agus ardleibhéal leasa ainmhithe á áirithiú an tráth céanna.
- (5) Le deich mbliana anuas, tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar mhadraí agus ar chait a choinneáil mar pheataí i dteaghlaigh. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach tagtha ar phóru agus ar thrádáil madraí agus cat ar mhargadh an Aontais, lena n áirítear díolacháin, tabhairt isteach agus allmhairí ó thríú tíortha. Mar thoradh ar an easpa ceanglas maidir le leas na n ainmhithe sin san Aontas, agus ar na héagothromaíochtaí idir na ceanglais is infheidhme i mBallstáit éagsúla, tá méid suntasach trádála neamhdhleathaí i madraí agus i gcait i ndálaí a dhéanann an dochar dá leas.
- (6) Tá trádáil neamhdhleathach madraí agus cat tagtha chun cinn go páirteach mar gheall ar easpa inrianaitheachta na n ainmhithe sin go dtí an t-ál bunaidh. Ina dhiaidh sin, tá baint ag cleachtais trádála neamhdhleathacha le fulaingt madraí agus cat atá faoi réir cleachtais phórúcháin neamhrialaithe. Ní féidir a áirithiú go gcomhlíonann oibreoirí leis na caighdeáin chéanna maidir le leas ainmhithe, agus dálaí aonfhoirmeacha iomaíochta a áirithiú sa mhargadh inmheánach i ndáil le soláthar madraí agus cat gan modhanna iontaofa chun na hainmhithe a rianú siar go dtí a dtionscnamh. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, inrianaitheacht madraí agus cat a áirithiú le córas lena sainathnóitear agus lena gláraítear madraí agus cait sula ndéantar iad a sholáthar den chéad uair san Aontas agus gach uair a athraítear úinéireacht na n ainmhithe.
- (7) Tá méadú tar éis teacht ar an trádáil neamhdhleathach i gcait agus i madraí ó lasmuigh den Aontas. Níl uirlisí leordhóthanacha i rialacha reatha an Aontais maidir le gluaiseachtaí madraí agus cat isteach san Aontas, amhail forálacha Rialachán 576/2013 agus an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe, chun an trádáil neamhdhleathach sin a chosc. Ciallaíonn sé sin go bhfuil gá le rialacha breise chun trádáil neamhdhleathach i madraí agus i gcait a chomhrac. Ceanglaítear le rialacha sláinte ainmhithe, maidir le gluaiseacht tráchtála agus neamhtráchtála madraí agus cat a thagann isteach san Aontas, nach mór na hainmhithe a shainaithint le micrishlis. Chun na forálacha inrianaitheachta sin a threisiú, ba cheart d'úinéirí madraí agus cat a thagann isteach san Aontas a áirithiú go ndéanfar iad a chlárú i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát ag an gceann scríbe. Forálfar leis sin do rialú níos mó ar ghluaiseachtaí na n ainmhithe sin.
- (8) Le forálacha inrianaitheachta an togra seo, rannchuideofar freisin le cosaint na sláinte poiblí trí leas ainmhithe níos fearr, trí shláinte ainmhithe níos fearr, agus trí rialuithe níos fearr ar tharchur féideartha galar ainmhithe (ar de chineál zónóiseach cuid acu), rud a leanann cur chuige Aon Sláinte Amháin.

- (9) Le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ rialaítear galair in tarchurtha ainmhithe chun leathadh galar den sórt sin san Aontas a sheachaint. Tá sláinte ainmhithe ar cheann de na cúig fhearann a bhaineann le leas ainmhithe, agus dá bhrí sin tugtar aghaidh air sa Rialachán seo. Mar sin féin, ní thugtar aghaidh leis an Rialachán seo ar na galair a liostaítear i Rialachán (AE) 2016/429, ach ar staid sláinte madraí agus cat de réir mar a théann galair neamhtheagmhálacha (mar shampla gortuithe) nó galair neamhliostaithe (mar shampla seadáin áirithe) i bhfeidhm orthu. Dá bhrí sin, tá na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo comhlántach le Rialachán (AE) 2016/429 agus ní dhéanann siad dúbláil ná forluí leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (10) Le Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear madraí agus cait a bhfuil trasfhreagróir acu a shainaithint ach amháin má tá siad faoi réir gluaiseachtaí idir na Ballstáit a thagann isteach san Aontas. Níl an tsainaithint a cheanglaítear leis an Rialachán sin comhchuibhithe go hiomlán toisc nach n-áirítear leis caighdeáin bheachta maidir le trasfhreagróirí. Ina theannta sin, ní cheanglaítear leis an Rialachán sin ar na Ballstáit bunachair sonraí madraí agus cat a choinneáil. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit bunachair sonraí madraí agus cat a sholáthraítear ar mhargadh an Aontais a bhunú agus a chothabháil chun inrianaitheacht na n-ainmhithe sin a áirithiú. Is gá idir-inoibritheacht na mbunachair sonraí sin a áirithiú freisin. Éascóidh sé sin faisnéis a fháil maidir le madraí agus cait ar fud an Aontais, agus cuirfidh sé ar chumas na n-údarás inniúil rialuithe oifigiúla a dhéanamh chun comhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe a áirithiú.
- (11) Bíonn tionchar ag soláthar madraí agus cat, cibé acu ar mhaithe le brabús nó gan aon chostas, ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, chun calaois a chosc, ba cheart inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a thrádáiltear ar mhargadh an Aontais a áirithiú agus ba cheart coimeád ainmhithe in ionaid phórúcháin, i siopaí peataí nó in ionaid dídine ainmhithe a bheith faoi réir rialacha mionsonraithe.
- (12) Is gníomhaíocht shealadach agus áitiúil é madraí agus cait a choinneáil thar ceann úinéirí, amhail gníomhaíochtaí conchró coinneála, agus ní bhíonn tionchar suntasach aige ar an margadh inmheánach. Dá bhrí sin, tá údar maith le gníomhaíochtaí conchró coinneála a eisiamh ó na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar madraí agus cait.
- (13) Le Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ rialaítear coimeád, pórú agus soláthar ainmhithe a choimeádtar chun críocha eolaíocha lena n-áirítear madraí agus cait. Ba cheart, dá bhrí sin, madraí agus cait a bheartaítear chun críoch eolaíoch a eisiamh ó raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (14) Beidh líon mór madraí agus cat clúdaithe ag rialacha mionsonraithe leasa den chéad uair, rud a ligfidh dóibh leas a bhaint as coinníollacha maireachtála níos fearr. Mar sin féin, agus na deacrachtaí praiticiúla á gcur san áireamh i gcásanna áirithe lena chinneadh cé acu an gcoimeádtar madraí agus cait mar pheataí nó lena gcur ar an margadh nó lena soláthar, sa Rialachán seo ba cheart úinéirí peataí a choimeádann roinnt madraí agus cat agus a tháirgeann roinnt álta faoi bhun tairseach áirithe a

³ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

⁴ Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).

dhíolmhú ó oibleagáidí áirithe. Seachas sin, bheadh na húinéirí peataí sin faoi réir cheanglais ábhartha an Rialacháin seo, rud nach mbeadh comhréireach.

- (15) A luaithe a shroichtear an tairseach le haghaidh gníomhaíochtaí pórúcháin dá dtagraítear san aithris roimhe seo, tá aon áitreabh a úsáidtear chun críocha pórúcháin ainmhithe faoi réir na rialacha le haghaidh ionad pórúcháin leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo, fiú má tharlaíonn na gníomhaíochtaí pórúcháin i dteaghlaigh, mar is minic a tharlaíonn sé sin i gcás cineálacha éagsúla póraitheoirí tráchtála. Maidir le teaghlaigh ina gcoimeádtar madraí agus cait chun críocha seachas atáirgeadh, ní mheastar gur ionaid phórúcháin iad agus ní gá dóibh Caibidil II den Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (16) Cé go bhfuil cuid de na hionaid phórúcháin á reáchtáil ag póraitheoirí ceadúnaithe de réir caighdeán maith bainistíochta ainmhithe, tagann cuid thábhachtach d'ainmhithe a chuirtear ar mhargadh an Aontais ó phóraitheoirí margaidh liatha agus ó phóraitheoirí fo-chaighdeánacha, nach n-áirithíonn leibhéal leordhóthanach leasa ainmhithe do na madraí agus do na cait a phóraíonn siad. Cruthaíonn sé sin iomaíocht éagórach do phóraitheoirí ginealaigh agus do phóraitheoirí neamhghinealaigh a leanann ardchaighdeán leasa ainmhithe. Is gá, dá bhrí sin, rialacha mionsonraithe maidir le leas ainmhithe a bhunú d'oibreoirí na n-ionad pórúcháin uile.
- (17) Ina theannta sin, i margadh an Aontais, soláthraíonn cineálacha éagsúla oibreoirí a dhéanann cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí madraí agus cait. Seachas póraitheoirí tráchtála, tá siopaí peataí ann ina gcoimeádtar madraí agus cait, a bheirtear agus a phóraítear go hiondúil i mbunaíochtaí eile, lena ndíol. D'fhéadfadh cosaint na n-ainmhithe sin a bheith fo-optamach, agus níl aon chomhchaighdeán leasa ann nach mór a urramú sna bunaíochtaí sin. Ós rud é gur oibreoirí tráchtála iad siopaí peataí a chuireann madraí agus cait ar an margadh, is gá, dá bhrí sin, ceanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir leis na bunaíochtaí sin.
- (18) Is gnóthais phríobháideacha nó phoiblí nó eagraíochtaí neamhbhrabúis iad ionaid dídine ainmhithe a bhailíonn agus a choinníonn madraí agus cait fhánacha, nó ainmhithe a bhí faoi úinéireacht roimhe seo a d'imigh ar strae, a coigistíodh nó a tréigeadh. Uaireanta, bíonn iomadú madraí agus cat seachráin in ionaid dídine ainmhithe mar thoradh ar atáirgeadh neamhrialaithe peataí nó róphóru. Ag brath ar a gcúlra, is féidir gur póortha folaíochta nó póortha measctha iad ainmhithe ó ionaid dídine ainmhithe agus is féidir go mbeidh ál ainmhithe a atáirgeadh san áireamh san ionad dídine ainmhithe. Féadfaidh ionaid dídine ainmhithe líon mór ainmhithe a choimeád agus iad a dhíol nó iad a thairiscint lena dtabhairt isteach nó le húinéir nua a fháil dóibh, uaireanta saor in aisce nó tar éis na costais réasúnacha a thabhaítear a íoc.
- (19) In ainneoin na ndifríochtaí idir na gníomhaíochtaí a dhéanann póraitheoirí tráchtála agus siopaí peataí, ar thaobh amháin, agus ionaid dídine ainmhithe, ar an taobh eile, soláthraíonn siad go léir madraí agus cait ar mhargadh an Aontais agus tá méid áirithe forluí ann, go háirithe ar leibhéal an éilimh. Agus madra nó cat á lorg acu, déanann tomhaltóirí roghanna idir ainmhí a cheannach ó phóraitheoir (go díreach nó trí shiopa peataí nó trí idirghabhálaí), nó ainmhí a ghlacadh ó ionad dídine ainmhithe. Tá fáil ar mhadraí nó ar chait go díreach ó úinéirí peataí imeallach. Fachtóir tábhachtach amháin i rogha madra nó cait is ea na fadhbanna iompraíochta nó eile a d'fhéadfadh a bheith ag an ainmhí toisc gur coinníodh é i ndrochdhálaí leasa agus a d'fhéadfadh a n-oiriúnacht a laghdú lena choimeád mar pheata, is cuma ar coinníodh an t-ainmhí in ionad pórúcháin tráchtála, i siopa peataí nó in ionad dídine ainmhithe. Thairis sin, ós rud é go ndéanann idirghabhálaithe trádáil freisin agus ar líne den chuid is mó,

d'fhéadfadh sé nach mbeadh tomhaltóirí ar an eolas sula bhfaigheann siad madra nó cat faoi cibé acu ó ionad dídine ainmhithe, ó phóraitheoir nó ó shiopa peataí an t ainmhí. Tá fianaise ann go bhfuil líon na n ainmhithe a sholáthraíonn ionaid dídine ainmhithe do mhargadh an Aontais suntasach, go háirithe i dtaca le cait. Tá fianaise ann freisin go soláthraítear ainmhithe ó ionaid dídine ainmhithe i roinnt Ballstát d'úinéirí ionchasacha peataí i mBallstáit eile, go háirithe madraí. Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóir an Rialacháin seo chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh i madraí agus i gcait a áirithiú, agus chun forbairt réasúnach na hearnála a áirithiú agus ardleibhéal leasa ainmhithe á áirithiú ag an am céanna, is gá cuid de cheanglais an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm maidir le hionaid dídine ainmhithe a choimeádann íoslíon áirithe ainmhithe, is cuma cé acu a dhíolann siad ainmhithe in aghaidh íocaíochta nó a sholáthraíonn siad ainmhithe saor in aisce amháin nó ar aisíocaíocht costas réasúnach. Mar sin féin, ar chúiseanna comhréireachta agus ós rud é go bhfuil difríocht idir gníomhaíochtaí ionad dídine ainmhithe agus gníomhaíochtaí na n oibreoirí eile sin agus go bhféadfaidh siad feidhm leasa phoiblí a chomhlíonadh, níor cheart go mbeadh feidhm ach ag cuid de cheanglais an Rialacháin seo maidir le ionaid dídine ainmhithe, go háirithe maidir le líon agus inniúlacht cúramóirí ainmhithe, tithíocht, beatha agus uisce a thabhairt d'ainmhithe, riachtanais iompraíochta agus cleachtais phianmhara, agus cuairteanna comhairleacha ó thréidlia.

- (20) Ina theannta sin, i bhfianaise líon suntasach na n ainmhithe a sholáthraíonn ionaid dídine ainmhithe san Aontas, agus an gá atá le cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh maidir le hinrianaitheacht agus cosc ar thrádáil neamhdhleathach a áirithiú, ba cheart ionaid dídine ainmhithe a bheith faoi réir cheanglais an Rialacháin seo maidir le madraí agus cait a shainaitheint agus a chlárú, is cuma más féidir nó nach féidir a gníomhaíocht a mheas mar ghníomhaíocht eacnamaíoch.
- (21) Ós rud é go leagtar amach sa Rialachán seo ceanglais maidir le leas ainmhithe do mhadraí agus do chait, tagann sé faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa⁵ agus ón gComhairle agus ba cheart feidhm a bheith ag na sainmhínte comhfhreagracha ar údarais inniúla. Ba cheart feidhm a bheith ag an sainmhíniú ar údarais inniúla a leagtar síos sa Rialachán sin, chun comhsheasmhacht leis na rialacha is infheidhme maidir le rialuithe oifigiúla a bhaineann le sláinte agus leas ainmhithe a áirithiú.
- (22) Forbraíodh coincheap na “gcúig fhearann” (cothú, timpeallacht fhisiceach, sláinte, idirghníomhaíochtaí iompraíochta agus staid mheabhrach) trí fhianaise eolaíoch chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le leas ainmhithe. Ní dhíríonn sé ar easpa eispéiris dhiúltacha don ainmhí amháin ach cuimsítear ann eispéiris

⁵ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, RRO), IO L 95, 7.4.2017, lch. 1–142.

dhearfacha freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán seo a bheith bunaithe ar choincheap na "gcúig fhearann".

- (23) Chun forfheidhmiú cuí an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh na húdaráis inniúla in ann na bunaíochtaí atá faoi réir a rialuithe oifigiúla a shainaithint. Dá bhrí sin, ní mór d'oibreacha a choimeádann madraí agus cait i mbunaíochtaí fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir lena ngníomhaíochtaí.
- (24) Tá foireann a bhfuil dea-oiliúint orthu agus scileanna maithe acu fíor-riachtanach chun coinníollacha leasa ainmhithe a fheabhsú. Éilíonn inniúlachtaí i leas ainmhithe eolas ar bhunphatrúin iompraíochta agus ar riachtanais bhunúsacha an speicis lena mbaineann. Ba cheart na hinniúlachtaí maidir le leas ainmhithe a bhaineann lena gcúraimí agus leis na hainmhithe a láimhseálann siad a bheith ag cúramóirí ainmhithe, ionas nach gcruthaítear pian, anacair nó fulaingt do mhadraí ná do chait.
- (25) Ós rud é go n áirítear le leas ainmhithe sláinte na n ainmhithe, is iad tréidlianna is fearr atá in ann comhairle a chur ar fáil d'oibreacha d'fhonn an staid maidir le leas ainmhithe i mbunaíochtaí a fheabhsú. Ba cheart do thréidlianna ról gníomhach a ghlacadh chun feacht a mhúscailt maidir leis an idirghaol idir sláinte agus leas na n ainmhithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart do bhunaíochtaí a choimeádann madraí agus cait cuairt rialta ar leas ainmhithe a fháil ó thréidlia.
- (26) D'fhéadfadh fadhbanna leasa do mhadraí agus do chait a bheith mar thoradh ar straitéisí pórúcháin áirithe. Trí mheán tréithe géiniteacha áirithe a roghnú ar chúiseanna aeistéitiúla nó ar chúiseanna margáíochta eile, féadfar tréithe neamh-inmhianaithe ó thaobh leas ainmhithe de a chruthú agus a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreacha bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach mbeidh iarmhairtí diúltacha den sórt sin ar leas na madraí agus na gcat mar thoradh ar a straitéisí pórúcháin.
- (27) Léiríonn fianaise eolaíoch go bhfuil drochthionchair shuntasacha ag ionphóru ar shláinte agus ar leas ainmhithe. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar ionphóru madraí agus cat lena n áirítear mataí céadchéime agus dara céime, mar go méadaíonn sé sin minicíocht neamhoird dúchais agus go gcuireann sé isteach ar fheidhm an chórais imdhíonachta, a bhfuil drochthionchar ag an dá cheann acu ar shláinte agus ar leas madraí agus cat.
- (28) Sholáthair an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") cúnamh teicniúil agus eolaíoch ar roinnt saincheistanna maidir le nósanna imeachta tithíochta, sláinte agus pianmhara atá ábhartha do mhadraí agus cait a choimeádtar in ionaid phórúcháin⁶. Cuirtear san áireamh leis an Rialachán seo moltaí an Údaráis maidir leis an gcineál tithíochta agus aclaíochta, maidir le teocht agus solas na tithíochta, maidir le hidirghabhálacha sláinte agus máinliachta pianmhara.
- (29) I bhfianaise eolaíoch leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le beatha agus uisce a thabhairt do mhadraí agus do chait, ar an tábhacht a bhaineann le tithíocht, sláinte, riachtanais iompraíochta agus cleachtais pianmhara a chosc ar mhaithe le leas madraí agus cat. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go ndéanfaí na réimsí sin a bhaineann le madraí agus cait a choimeád a rialáil go mion.

⁶ EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Candiani, D., Drewe, J., Forkman, B., Herskin, M. S., Van Soom, A., Aboagye, G., Ashe, S., Mountricha, M., Van der Stede Y., Fabris, C. 2023. Scientific and technical assistance on welfare aspects related to housing and health of cats and dogs in commercial breeding establishments. [Cúnamh eolaíoch agus teicniúil maidir le gnéithe leasa a bhaineann le tithíocht agus sláinte cat agus madraí in ionaid phórúcháin tráchtála.] EFSA Journal, 21(9), 1–105. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8213>

- (30) Tá an fhianaise eolaíoch soiléir faoin ngá atá ann do mhadraí agus do chait go leor spáis a bheith acu chun a n-iompar nádúrtha a léiriú agus chun gnáth-idirghníomhaíochtaí sóisialta a bheith acu. Ní féidir é sin a dhéanamh i gcás ina gcoimeádtar ainmhithe i ngaibhniúcháin agus i gcaighin. Ba cheart, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar mhadraí agus ar chait a choinneáil i gcaighin.
- (31) Ba cheart toirmeasc a chur ar ainmhithe a chur ar theaghrán ar feadh tréimhsí fada, mar is féidir ábhair inní mhóra maidir le leas ainmhithe a bheith mar thoradh air. Is féidir baint a bheith aige le leitheadúlacht mhéadaithe neamhoird luaile, neamhábaltacht luí nó scíth a ligean go compordach, agus gnáth-iompraíochtaí a dhéanamh.
- (32) Tá sé thar a bheith tábhachtachgo leor spáis a chur ar fáil do mhadraí agus do chait chun iompraíochtaí dúchasacha a chur in iúl. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an úsáid a bhaintear as coimeádáin a theorannú d'imthosca eisceachtúla, amhail ainmhithe ionsaitheacha a leithlisiú nó iad a iompar chuig tréidlia. Ba cheart do lóistín do mhadraí agus do chait rochtain neamhshrianta ar sholas nádúrtha a sholáthar freisin, arna chomhlánú i gcás inar gá le soilsiú saorga, chun rithim chiorcadach iomchuí na n ainmhithe a éascú. Ba cheart rochtain laethúil shábháilte ar an taobh amuigh a chur ar fáil do mhadraí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a ngá le haclaíocht, le sóisialú agus le hiompraíochtaí dúchasacha eile a chur in iúl.
- (33) Chun deacrachtaí toirchis a chosc ó chur isteach ar a leas, níor chóir madraí baineanna agus cait bhaineanna a phórú ach amháin tar éis dóibh teacht ar aibíocht chnámharlaigh chomh maith le haibíocht ghnéasach. Chun ligean dóibh teacht chucu féin go fisiciúil ó thoircheas agus lachtadh, níor cheart madraí baineanna ná cait bhaineanna a chur in atáirgeadh arís ach amháin tar éis tréimhse leordhóthanach ama. Mar sin féin, chun cosc a chur ar riochtaí áirithe atáirgthe paiteolaíocha i madraí baineanna agus i gcait bhaineanna, amhail *piriméadra*, ba cheart go gceadófaí suas le trí thoircheas i ndiaidh a chéile, agus tréimhse leordhóthanach téarnaimh ina dhiaidh sin. Ba chóir go dtiocfadh deireadh le hatáirgeadh de réir a chéile i madraí baineanna agus i gcait bhaineanna ag dul anonn in aois níos sine.
- (34) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an tathrú ar chleachtais maidir leis an timthriall atáirgthe a cheanglaítear leis an Rialachán seo tionchar a imirt ar leibhéal ioncain póraitheoirí madraí agus cat mar gheall ar an laghdú ar líon na n álta a tháirgtear in aghaidh na bliana. Is gá, dá bhrí sin, am breise a thabhairt do phóraitheoirí chun a samhail ghnó a oiriúnú.
- (35) Níor cheart go mbeadh madraí agus cait a choinnítear mar pheataí ina mbagairt ar shábháilteacht an duine. Chun baol an ionsaithe i leith daoine a laghdú, ba cheart madraí agus cait a rugadh in ionaid phórúcháin a bheith déanta á sóisialú go hiomchuí le hainmhithe den speiceas céanna, más féidir, le hainmhithe eile, agus le daoine. Ba cheart iad a choinneáil i dtimpeallacht spreagúil agus neamhbhagrach atá feistithe le saibhriú a thugann deiseanna dóibh súgradh agus iompraíochtaí dúchasacha eile a léiriú. Is féidir le scaradh madraí agus cait óna máithreacha níos luaithe ná an scoitheadh nádúrtha a bheith ina chúis le himní scartha thromchúiseach sna hainmhithe sin agus ba cheart é a thoirmeasc dá bhrí sin.
- (36) Tá tionchar diúltach tromchúiseach ag nósanna imeachta a bhfuil sé mar aidhm acu cuma cat agus madraí a athrú nó cosc a chur ar iompar áirithe cat agus madraí, amhail ciorrú ag cluasa, sciortadh eireaball, croibh a bhaint agus téada an ghutha a athghearradh, ar leas cat agus madraí. Cuireann na nósanna imeachta sin pian ar chait agus ar mhadraí agus cuireann siad cosc ar chait agus ar mhadraí iompraíochtaí

dúchasacha a chur in iúl. Ar an gcúis sin, níor cheart iad a cheadú ach amháin má dhéanann tréidlia iad agus ar chúiseanna leighis amháin a dhéantar iad, nuair is gá.

- (37) Tá na coinníollacha in ionaid phórúcháin rithabhachtach go háirithe chun a áirithiú go gcoimeádtar agus go gcaitear i gceart le madraí agus le cait sula gcuirtear ar an margadh iad. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na bunaíochtaí sin a fhormheas agus go mbeidh siad faoi réir réamhiniúchadh ar an láthair sula bhformheasfar iad. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh liosta de na bunaíochtaí formheasta sin ar fáil go poiblí chun ligean do cheannaitheoirí ionchasacha stádas a soláthróirí a fhíorú. Ós rud é go bhfuil tréimhse fhada ag gach bunaíocht chun ceanglais maidir le tithíocht agus sláinte a chur i bhfeidhm, is gá go dtosófaí ar an oibleagáid atá ar ionaid phórúcháin chun formheas a fháil a chur i bhfeidhm ar an dáta céanna leis na ceanglais maidir le tithíocht agus sláinte.
- (38) Spreagann roinnt oibreoirí a chuireann madraí agus cait ar an margadh, nó roinnt ionad dídine ainmhithe a sholáthraíonn madraí agus cait, custaiméirí ionchasacha an t ainmhí nó na hainmhithe a cheannach is cuma cén costas a bhaineann leis, ag baint úsáid as argóintí mothúchánacha, gan fiú a lua leis an úinéir ionchasacha na rudaí ar fad a bhaineann le peata a bheith ag duine. Bíonn oibreoirí nó ionaid dídine ainmhithe eile ag cur ró-bhéim ar an bhfreagracht a ghabhann le húinéireacht peataí agus mar thoradh air sin bíonn teorainn lena gcumas ainmhithe a dhíol. Is gnách go mbaineann an neamhréireacht sin i ndáil le dearcadh na n oibreoirí leas as oibreoirí nach bhfuil chomh freagrach sin, rud a fhágann go ndéantar saobhadh ar an iomaíocht in ainneoin a thábhachtaí atá sé do leas ainmhithe agus don ord poiblí custaiméirí a chur ar an eolas faoina bhfreagracht agus madra nó cat á cheannach acu. Tá údar maith ann, dá bhrí sin, a cheangal ar gach soláthraí madraí agus cat ar mhargadh an Aontais lena n úsáid mar pheataí úinéirí amach anseo a chur ar an eolas faoina bhfreagracht. Ina theannta sin, i gcás ina n éascaítear soláthar madra nó cait trí mhodhanna ar líne, ba cheart rabhadh iomchuí a bheith ag gabháil leis an bhfógra ar líne chun an teachtaireacht maidir le húinéireacht fhreagrach a chur in iúl go héifeachtúil.
- (39) Éascaítear gáinneáil neamhdhleathach agus cleachtais chalaoiseacha i ndáil le díol nó aistriú madraí agus cat lena nglacadh mar gheall ar easpa inrianaitheachta i bhfianaise na heaspa sainaitheantais agus ceanglais chlárúcháin do na hainmhithe sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cleachtais chalaoiseacha a bheith ann nuair nach ndéantar na córais chun madraí agus cait a shainaithint agus a chlárú a chomhchuíbhiú nó nuair nach féidir iad a oibriú go héasca toisc nach bhfuil córais theicniúla idir-inoibritheach. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, na caighdeáin maidir leis na modhanna sainaitheantais agus clárúcháin a chomhchuíbhiú agus a áirithiú go gcríochnófar sainaithint agus clárú madraí agus cat sula soláthraítear an t ainmhí san Aontas den chéad uair. Ba cheart do sholáthraithe madraí agus cat fianaise a sholáthar maidir le sainaithint agus clárú i gceann de na bunachair sonraí arna mbunú ag na Ballstáit chun na críche sin, sula gcuirfeadh an t ainmhí ar an margadh den chéad uair san Aontas. Ina dhiaidh sin, ag gach athrú úinéireachta nó freagrachta as an ainmhí, ní mór don soláthraí cruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú an ainmhí a sholáthar i gceann de na bunachair sonraí. Ar mhaithe le comhréireacht, níor cheart daoine nádúrtha a sholáthraíonn madraí agus cait ó am go chéile trí mhodhanna eile seachas ar ardáin ar líne a bheith faoi réir na hoibleagáide sin.
- (40) Ní hamháin gur cheart do sholáthraithe madraí agus cat fianaise a sholáthar maidir le sainaithint, rud a léiríonn doiciméad a thagraíonn do chód an trasfhreagróra a ionchlannaíodh san ainmhí ach fianaise freisin ar chlárú an ainmhí sin i mbunachar

sonraí oifigiúil. Ceadaitear leis sin faisnéis rithábhachtach faoin ainmhithe a chur ar aghaidh chuig an úinéir nua agus áirithítear leis sin inrianaitheacht.

- (41) Ós rud é go dtairgtear formhór na madraí agus na gcat lena ndíol nó lena ndeonú faoi láthair trí bhithin liostuithe a chuirtear ar ardáin ar líne, ba cheart do sholáthraithe ardán ar líne gníomhú go dícheallach agus rochtain ar mhadraí agus ar chait á hidirghabháil. Dá bhrí sin, gan dochar do Rialachán (AE) 2022/2065, ba cheart a cheangal ar ardáin ar líne módúlachtaí a liostuithe le haghaidh madraí agus cat a oiriúnú ionas go soláthróidh soláthraithe cruthúnais maidir le sainaithint agus clárú na madraí agus na gcat atá beartaithe lena ndíol nó lena ndeonú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhforbrófar córas atá ar fáil go poiblí saor in aisce lena gceadaítear barántúlacht shainaithint agus chlárú madraí nó cait a fhíorú. Is é is aidhm don bheart sin calaois a chomhrac ar bhealach níos fearr trí inrianaitheacht madraí agus cat a sholáthraítear san Aontas dá dtionscnamh a fheabhsú, trí rialuithe níos fearr ag údarais inniúla a cheadú agus trí leas na n ainmhithe sin a fheabhsú ar deireadh thiar. Níor cheart é sin a bheith ina oibleagáid ar ardáin ar líne faireachán ginearálta a dhéanamh ar na liostuithe a thairgtear trína n ardán, ná oibleagáid ghinearálta aimsithe fíoras atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar chruinneas an tsainaitheantais agus an chlárúcháin sula bhfoilseofar an tairiscint.
- (42) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag an leibhéal feasachta maidir le leas ainmhithe atá ag cúramóirí ainmhithe ar leas madraí agus cat atá faoina gcúram, ba cheart go n áirithíodh na Ballstáit go bhfuil oiliúint leordhóthanach ar fáil i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta chun a chur ar chumas cúramóirí ainmhithe na ceanglais oiliúna a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (43) Chun inrianaitheacht madraí agus cat a áirithiú, ní hamháin gur cheart ainmhithe a mharcáil le haitheantóir uathúil i bhfoirm trasfhreagróra, ach ba cheart a sainaithint a chlárú i mbunachar sonraí freisin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil bunachair sonraí náisiúnta do mhadraí agus do chait acu fós bunachair sonraí den sórt sin a bhunú ionas gur féidir sainaithint a bheith iontaofa agus fíoraithe. Ina theannta sin, chun inrianaitheacht a áirithiú laistigh den Aontas, ba cheart na bunachair sonraí náisiúnta sin a bheith idir-inoibritheach, rud a chuirfeadh ar chumas na n údarás inniúil agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha barántúlacht an tsainaitheantais a fhíorú.
- (44) Chun meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndálaí leasa ainmhithe ina gcoimeádtar madraí agus cait i mbunaíochtaí agus ar a n inrianaitheacht, is gá do na Ballstáit príomhtháscairí beartais a bhailiú, a thuairisciú agus a anailísiú, ar táscairí iad ba cheart a chomhchuíbhiú faoin Rialachán seo chun a n inchoimparáideacht ar leibhéal an Aontais a áirithiú, agus chun faireachán an Aontais ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí beartais an Rialacháin seo a bhaint amach a chumasú.
- (45) Féadfar madraí agus cait a allmhairítear isteach san Aontas a phóru nó a choinneáil i dtríú tíortha i ndálaí a dhéanann dochar dá leas. Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar na hábhair inní ar leith atá ag saoránaigh an Aontais maidir le leas madraí agus cat, chomh maith le rioscaí sláinte ainmhithe agus rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann le drochdhálaí leasa na bunaíochta tionscnaimh atá speisialaithe i bpóru madraí agus cat, tá sé tábhachtach go gcomhlíontar rialacha i gcás madraí agus cait a allmhairítear ó thríú tíortha maidir lena leas, rialacha atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go dtugann siad na ráthaíochtaí céanna maidir lena n inrianaitheacht. Ós rud é go n éileofar leis sin athruithe ó oibreoirí tríú tír a bhfuil baint acu le honnmhairithe madraí agus cat chuig an Aontas, is gá foráil a dhéanamh

maidir le hidirthréimhse den fhad céanna leis an tréimhse is infheidhme maidir le hoibreoí de chuid an Aontais.

- (46) Ba cheart na forálacha a luaitear san aithris roimhe seo a fhorfheidhmiú trí liostú de thríú tíortha atá formheasta chun madraí agus cait a sholáthar don Aontas bunaithe ar mheasúnú ón gCoimisiún ar iontaofacht a rialuithe oifigiúla chun na rialacha maidir le leas ainmhithe a cheanglaítear faoin Rialachán seo, nó rialacha coibhéiseacha, a fhorfheidhmiú i mbunaíochtaí ar a gcríoch a sholáthraíonn madraí agus cait don Aontas nó a bheartaíonn madraí agus cait a sholáthar don Aontas. Ina theannta sin, ba cheart liosta a bhunú de na bunaíochtaí lena ndéantar madraí agus cait a phóru agus a choimeád sna tríú tíortha sin, agus a gceadaítear dóibh na hainmhithe sin a onnmhairiú chuig an Aontas, chun inrianaitheacht agus rialuithe ag Poist Rialaithe Teorainneacha an Aontais a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún, agus cur chuige rioscabhunaithe á úsáid, iniúchtaí a dhéanamh ar iontaofacht chóras rialaithe oifigiúil tríú tíortha arna fhorpheas faoin Rialachán seo chomh maith leo siúd a iarrann go ndéanfaí iad a fhorpheas faoin Rialachán seo.
- (47) Faoi Rialachán (AE) 2016/429, bunaítear liosta de thríú tíortha atá údaraithe chun madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas chun an riosca a bhaineann le galair in tarchurtha ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas a bhainistiú. Dá bhrí sin, ba cheart liosta na dtríú tíortha a luaitear san aithris roimhe seo a theorannú do thríú tíortha atá údaraithe faoi Rialachán (AE) 2016/429 agus lena soláthraítear ráthaíochtaí iomchuí maidir le hacmhainneacht a n-údarais inniúil chun rialú a dhéanamh ar na bunaíochtaí atá ag póru agus ag coimeád madraí agus cat lena n-onnmhairiú chuig an Aontas agus chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le leas ainmhithe a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (48) Chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha, agus a dtionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Airteagal 6 den Rialachán seo a leasú ionas nach mbeidh géinitíopaí a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar shláinte nó ar leas na madraí agus na gcat mar thoradh ar straitéisí pórúcháin.
- (49) Chun critéir íosta a leagan síos atá le measúnú le linn cuairteanna ar leas ainmhithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Airteagal 10 den Rialachán seo a fhorlíonadh.
- (50) Chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha, agus a dtionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le póru, coimeád agus sainaithint madraí agus cat chomh maith le táscairí chun faireachán a dhéanamh ar chuspóirí beartais an Rialacháin seo.
- (51) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid réamhoibre, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos

Fearr⁷. Go háirithe chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú maidir le gníomhartha tarmligthe a ullmhú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna le saineolaithe na mBallstát, agus go bhfuil rochtain go córasach ag a saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiún atá ag plé le hullmhú gníomhartha tarmligthe.

(52) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha an Rialacháin seo a leanas a chur chun feidhme:

- Airteagal 9(3) chun ábhar an oideachais, na hoiliúna nó na taithí gairmiúla do chúramóirí ainmhithe a chomhchuiibhiú;
- Airteagal 17(5) chun an fhaisnéis atá le soláthar ag soláthraithe a shonrú mar chruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú madraí agus cat, i gcásanna ina dtairgtear iad trí ardáin ar líne agus ar bhealaí eile;
- Airteagal 17(7) chun gnéithe áirithe den chóras a dhéanann seiceálacha uathoibrithe ar bharántúlacht shainaithint agus chlárú madraí agus cat a shonrú;
- Airteagal 19(3) chun íoscheanglais a bhunú maidir le hábhar na mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus maidir leis na ceanglais a bhaineann le hidir-inoibritheacht na mbunachar sonraí;
- Airteagal 20(3) chun modheolaíocht chomhchuiibhithe a bhunú chun na sonraí a bhailítear in Iarscríbhinn III a thomhas agus an teimpléad do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt don Choimisiún maidir leis na sonraí sin;
- Airteagal 21(5) chun nós imeachta a bhunú chun go n-aithneoidh an tAontas coibhéis na gcoinníollacha faoina bpóraítear agus faoina gcoinnítear madraí agus cait i mbunaíochtaí i dtríú tír a bhfuil sé ar intinn acu ainmhithe a onnmhairiú chuig an Aontas, le forálacha an Rialacháin seo maidir le bunaíochtaí.

Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

(53) Tá dearcadh éagsúil ag saoránaigh maidir le leas madraí agus cat agus tá sraith chuimsitheach rialacha glactha cheana féin ag roinnt Ballstát ina leith sin. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go gceadófar do na Ballstáit rialacha náisiúnta níos déine a choinneáil atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a thabhairt do na hainmhithe ná na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit i gcónaí rialacha náisiúnta níos déine a ghlacadh i réimsí áirithe ar choinníoll nach ndéantar difear leis na rialacha sin d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(54) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún i leith aon rialacha náisiúnta den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún aird na mBallstát eile a tharraingt orthu. I gcás ina dtagann rialacha náisiúnta faoi raon feidhme Threoir (AE) 2015/1535

⁷ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún; IO L 55, 28.2.2011, lch. 13–18.

ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith i gcomhréir leis an Treoir sin.

- (55) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh reachtaíocht an Aontais faoi réir faireachán agus meastóireacht rialta ionas gur féidir í a choigeartú chun na tionchair a bhfuil coinne leo a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáid a bheith sa Rialachán seo ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar leas madraí agus cat san Aontas agus meastóireacht a dhéanamh atá le cur faoi bhráid institiúidí eile an Aontais.
- (56) Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ina iomláine, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
- (57) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchuibhithe íosta a bhunú lena n-áiritheofar feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus lena n-áiritheofar ardleibhéal leasa madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir leis an Aontas na cuspóirí sin a ghnóthú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1 *Ábhar*

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na híoscheanglais maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) leas madraí agus cat a phóraítear nó a choimeádtar i mbunaíochtaí nó a chuirtear ar mhargadh an Aontais;
- (b) inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a sholáthraítear san Aontas.

Airteagal 2 *Raon Feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh madraí agus cat, chomh maith lena soláthar san Aontas.
2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le pórú, coimeád, cur ar an margadh ná soláthar madraí nó cat atá beartaithe chun críoch eolaíoch.

Airteagal 3 *Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn ‘madra’ ainmhí den speiceas *Canis lupus familiaris*;

2. ciallaíonn ‘cat’ ainmhí den speiceas *Felis silvestris catus*;
3. ciallaíonn ‘leas madraí agus cat’ staid fhisiceach agus mheabhrach madra nó cait i ndáil leis na dálaí ina bheirtear, ina maireann agus ina bhfaigheann sé bás;
4. ciallaíonn ‘coimeád’ aon ghníomhaíocht a ndéantar ainmhí a choinneáil nó a láimhseáil i mbunaíocht lena linn;
5. ciallaíonn ‘madraí agus cait a chur ar an margadh’ madraí agus cait a choimeád chun iad a dhíol, a thairiscint lena ndíol, a dháileadh nó aon bhealach eile chun úinéireacht nó freagracht as an ainmhí a aistriú, is é sin in aghaidh na gcostas a tabhaíodh a bhreithniú nó a aisíoc ar a laghad, lena n áirítear ainmhithe a fhógairt chun na gcríoch thuas;
6. ciallaíonn ‘soláthar’ úinéireacht nó freagracht ar mhadraí nó ar chait a aistriú ar bhealach ar bith, nó bíodh sin ar chomaoín nó ná bíodh, gan soláthairtí ócáideacha ag daoine nádúrtha ar mhadraí nó ar chait a áireamh ar bhealaí eile seachas trí idirghabháil a dhéanamh ar ardán ar líne;
7. ciallaíonn ‘ardáin ar líne’ ardán ar líne, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán (AE) 2022/2065, lena ndéantar idirghabháil idir madraí agus cat a chur ar an margadh nó a sholáthar;
8. ciallaíonn ‘liostú’ fógra a fhoilsiú, ar ardán ar líne, chun madra nó cat a sholáthar;
9. ciallaíonn ‘madra bainneann’ madra bainneann ón uair a dhéantar í a chúpláil nó a inseamhnú den chéad uair go dtí go scoitear an t ál deireanach a tháirgeann sí le linn a saoil;
10. ciallaíonn ‘cat bainneann’ cat bainneann ón uair a dhéantar í a chúpláil nó a inseamhnú den chéad uair go dtí go scoitear uaithi an t ál deireanach a tháirgeann sí le linn a saoil;
11. ciallaíonn ‘bunaíochtaí’ ionaid phórúcháin, ionaid dídine ainmhithe agus siopaí peataí;
12. ciallaíonn ‘ionaid phórúcháin’ aon áitreabh nó déanmhas, ina gcoimeádtar madraí agus cait chun críocha atáirgthe d'fhonn a sliocht a chur ar an margadh, lena n áirítear teaghlaigh;
13. ciallaíonn ‘siopaí peataí’ aon áitreabh nó déanmhas ina gcoimeádtar madraí agus cait lena ndíol mar pheataí, gan iad a bheith tagtha ar an saol ann;
14. ciallaíonn ‘ionaid dídine ainmhithe’ aon áitreabh nó déanmhas, cé is moite de theaghlaigh, a oibríonn duine nádúrtha nó dlítheanach, i gcás ina gcoimeádtar madraí agus cait nach dteastaíonn, a thréigtear, a chuirtear ar strae go foirmiúil, a théann ar strae de thaisme nó a choigistítear chun críche soláthair, bíodh siad ar luach saothair nó gan chostas;
15. ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, cé is moite díobh siúd atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe, a phóraíonn, a choimeádann, a thrádálann nó a chuireann madraí agus cait ar an margadh atá faoina rialú, lena n áirítear ar feadh tréimhse teoranta ama;
16. ciallaíonn ‘soláthraí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn madra nó cat, lena n áirítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe;

17. ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2017/625;
18. ciallaíonn ‘straitéis phórúcháin’ sraith de ghníomhaíochtaí córasacha, lena n áirítear taifeadadh, roghnú, póru agus malartú pórucháin madraí agus cat agus táirgí geirmeacha díobh, agus gur gníomhaíochtaí iad atá ceaptha agus curtha chun feidhme ar mhaithe le saintréithe feinitíopacha agus/nó géinitíopacha sa spriocdhaonra pórucháin a chaomhnú nó a fheabhsú;
19. ciallaíonn ‘ciorrú’ idirghabháil, lena n áirítear idirghabháil mháinliachta, a dhéantar ar chúiseanna seachas chun críocha teiripeacha nó diagnóiseacha, a mbíonn díobháil dá bharr ann déanta do chuid íogair den chorp nó caillteanas chuid íogair den chorp nó athrú ar struchtúr na genámh;
20. ciallaíonn ‘fulaingt’ staid fhisiceach nó mheabhrach mhíthaitneamhach, neamh-inmhianaithe a bheith ann, arb é is toradh air sin go bhfuil ainmhí neamhchosanta ar spreagthaí díobhálacha nó nach bhfuil spreagthaí dearfacha tábhachtacha ann;
21. ciallaíonn ‘tithíocht’ foirgnimh nó spás lasmuigh teorannaithe i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar madraí agus caít;
22. ciallaíonn ‘conchró’ struchtúr fisiceach ina bhfuil cró aonair amháin nó níos mó ann chun madraí a chur isteach iontu;
23. ciallaíonn ‘catlann’ struchtúr fisiceach ina bhfuil cró aonair amháin nó níos mó chun caít a chur faoi dhíon;
24. ciallaíonn ‘cúramóir ainmhithe’ duine a thugann aire do na madraí agus do na caít a phóraítear nó a choimeádtar i mbunaíocht;
25. ciallaíonn ‘saibhriú’ ábhar nó struchtúr i dtimpeallacht an ainmhí, a bhfuil airí ceirde nó cothaitheach aige atá in ann fiosracht agus iompar goile, nó inspreagadh fisiceach, a spreagadh agus a chomhlíonadh;
26. ciallaíonn ‘coinneáil ar theaghrán’ ainmhí a choinneáil ar phointe seasta chun é a choinneáil i limistéar inmhianaithe;
27. ciallaíonn ‘coimeádán’ aon bhosca dortha, bosca, gabhdán nó struchtúr docht eile a úsáidtear chun madraí agus caít a choinneáil;
28. ciallaíonn ‘peata’ madra nó cat a bheartaítear a choinneáil i dteaghlach ar mhaithe le taitneamh agus comhlúadar príobháideach;
29. ciallaíonn ‘úinéireacht fhreagrach’ tiomantas úinéara madra nó cat nó úinéara madraí nó cat amach anseo, dualgais éagsúla a chomhlíonadh atá dírithe ar shásamh riachtanais iompraíochta, chomhshaoil agus fhisiceacha an mhadra nó an chait, agus chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an madra nó leis an gcat don phobal, [d'ainmhithe](#) ó don chomhshaol a chosc.

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ AR OIBREOIRÍ BUNAÍOCHTAÍ

Airteagal 4

Díolúintí ó na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo

Ní bheidh feidhm ag an gcaibidil seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- ionaid phórúcháin a choimeádann suas le trí mhadra bhaineanna nó trí chat bhaineanna agus a tháirgeann dhá ál nó níos lú san iomlán in aghaidh na bunaíochta agus in aghaidh na bliana féilire;
- siopaí peataí a choimeádann ag aon am ar leith trí mhadra nó níos lú nó sé chat nó níos lú;
- ionaid dídine ainmhithe a choimeádann ag aon am ar leith deich madra nó níos lú nó fiche cat nó níos lú.

Airteagal 5 *Prionsabail ghinearálta leasa*

Cuirfidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le madraí agus cait a phóraítear nó a choimeádtar ina mbunaíocht:

- (a) cuirtear uisce agus beatha de chaighdeán agus de chainníocht ar fáil do mhadraí agus do chait a chuireann ar a gcumas iad a bheith dea-chothaithe agus hiodráitithe.
- (b) madraí agus cait a choinneáil i dtimpeallacht fhisiceach mhaith atá compordach, go háirithe ó thaobh spáis agus teocht de, agus éasca le bogadh laistigh de.
- (c) coimeádtar madraí agus cait sábháilte, glan agus i ndea-shláinte trí ghalair, lagú feidhmiúil, gortuithe agus pian a chosc, go háirithe mar gheall ar bhainistíocht, cleachtais láimhseála, nó ciorruithe.
- (d) go gcoimeádtar madraí agus cait i dtimpeallacht a chuireann ar a gcumas iompar sóisialta neamh-dhíobhálach, iompar a bhaineann go sonrach le speiceas ar leith, chomh maith le caidreamh dearfach le daoine a chur in iúl.
- (e) coimeádtar madraí agus cait sa chaoi is go ndéantar a staid mheabhrach a bharrfheabhsú trína n eispéiris dhiúltacha in am agus i ndéine a chosc nó a laghdú, chomh maith le deiseanna le haghaidh eispéiris dhearfacha in am agus i ndéine sna fearainn éagsúla dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) a uasmhéadú.

Airteagal 6 *Ceanglais leasa ghinearálta do mhadraí agus do chait*

1. Beidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe freagrach as leas madraí agus cait a choimeádtar faoina rialú agus as aon rioscaí dá leas a íoslaghdú.
2. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe go ndéanfaidh líon oiriúnach cúramóirí ainmhithe a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí a cheanglaítear faoi Airteagal 9 acu chun madraí agus cait a láimhseáil.
3. Áiritheoidh oibreoirí ionad pórúcháin nach mbeidh géinitíopaí ná feinitíopaí a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar leas na madraí agus na gcat, nó ar leas a sliocht, mar thoradh ar straitéisí pórúcháin.

Agus atáirgeadh madraí agus cat ag oibreoirí á bhainistiú, toirmiscfear cúpláil idir tuismitheoirí agus sliocht, nó idir seantuismitheoirí agus garshliocht.

Ní choiscfear leis an mír seo madraí agus cait ghearrchinn a roghnú agus a phórú ar choinníoll go n íoslaghdaíonn na cláir roghnúcháin nó phóraithe na hiarmhairtí diúltacha leasa a bhaineann le tréithe gearrchinn.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 lena leasaítear an t airteagal seo maidir leis na critéir shonracha a chomhlíonfaidh oibreoirí agus straitéisí pórúcháin á gceapadh acu chun ceanglais mhír 3 a chomhlíonadh, ag cur san áireamh tuairimí eolaíocha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia chomh maith le tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil.

Airteagal 7

Oibleagáid fógra a thabhairt maidir le pórú nó coimeád madraí agus cat i mbunaíochtaí

Tabharfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe fógra do na húdaráis inniúla faoina ngníomhaíocht, agus soláthróidh siad an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) céannacht, ainm agus seoladh an oibreora;
- (b) láthair na bunaíochta;
- (c) cineál na bunaíochta: ionad pórúcháin, siopa peataí nó ionad dídine ainmhithe;
- (d) speiceas agus pór, i gcás inarb ábhartha, na n ainmhithe a choimeádtar san ionad pórúcháin;
- (e) an t uaslíon ainmhithe is féidir a choinneáil san ionad pórúcháin;

Airteagal 8

Oibleagáid maidir le húinéireacht fhreagrach a chur in iúl

1. Nuair a chuireann oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe madraí nó cait ar an margadh nó nuair a sholáthraíonn siad madraí nó cait chun críocha iad a choimeád mar pheataí, soláthróidh siad d'fhaighteoir an pheata an fhaisnéis is gá chun a chur ar a chumas leas an ainmhí a áirithiú, lena n áirítear faisnéis maidir le húinéireacht fhreagrach.
2. Nuair a fhógraítear soláthar madraí agus cat trí mhodhanna ar líne, taispeánfar an rabhadh seo a leanas sa liostú, i gcarachtair atá infheicthe go soiléir agus i gcló trom:
"Ní bréagán é ainmhí. Is cinneadh é a athraíonn an saol ainmhí a cheannach nó a thabhairt isteach. Mar úinéir ainmhithe, tá sé d'oibleagáid ort a áirithiú go gcomhlíontar na riachtanais go léir dá shláinte agus dá fholláine i gcónaí."

Airteagal 9

Inniúlachtaí leasa ainmhithe chúramóirí ainmhithe

1. Beidh na hinniúlachtaí seo a leanas ag cúramóirí ainmhithe a mhéid a bhaineann leis na madraí agus na cait atá á láimhseáil acu:
 - (a) tuiscint ar a n iompraíocht bhitheolaíoch agus ar a riachtanais fhiseolaíocha agus eiteolaíocha;
 - (b) an cumas a mothuithe a aithint, lena n áirítear aon chomhartha fulaingthe, agus na bearta maolaitheacha iomchuí a shainaithint atá le déanamh i gcásanna den sórt sin;

- (c) an cumas dea-chleachtais bhainistíochta ainmhithe a chur i bhfeidhm, an trealamh a úsáidfear le haghaidh na speiceas atá faoina gcúram a úsáid agus a chothabháil agus aon rioscaí do leas na n ainmhithe a íoslaghdú;
 - (d) eolas maidir lena n oibleagáidí faoin Rialachán seo.
2. Féadfar na hinniúlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a fháil trí oideachas, oiliúint nó taithí ghairmiúil. Déanfar an t oideachas, an oiliúint nó an taithí ghairmiúil a dhoiciméadú.
 3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais íosta a leagan síos maidir le hábhar an oideachais, na hoiliúna nó na taithí gairmiúla dá dtagraítear i mír 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

Airteagal 10 *Cuairteanna ar leas ainmhithe*

1. Déanfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe an méid seo a leanas a áirithiú:
 - (a) a áirithiú go ndéanfar cuairt ó thréidlia ar na bunaíochtaí atá faoina bhfreagracht uair sa bhliain ar a laghad, chun comhairle a chur ar an oibreoir nó ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as an ionad dídine ainmhithe maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar aon fhachtóir riosca do leas ainmhithe;
 - (b) déanfaidh sé torthaí chuairt an thréidlia dá dtagraítear i bpointe (a) agus a ngníomhaíochtaí leantacha a thaifeadadh agus coinneoidh sé na taifid sin ar feadh 6 bliana ar a laghad, agus cuirfidh sé ar fáil iad do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin.
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 lena bhforlíontar an tAirteagal seo chun critéir íosta a leagan síos a bheidh le measúnú le linn cuairteanna ar leas ainmhithe.

Airteagal 11 *Beatha agus uisce a thabhairt do na hainmhithe*

1. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe go ndéanfar madraí agus cait a chothú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I agus féadfaidh siad, bunaithe ar chomhairle i scríbhinn ó thréidlia nó ó shaineolaí ar chothú ainmhithe, na minicíochtaí beathaithe dá bhforáiltear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a choigeartú.
2. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe go ndéanfar madraí agus cait a chothú agus a hiodráitiú go leordhóthanach tríd an méid seo a leanas a sholáthar:
 - (a) uisce inólta, *ad libitum*;
 - (b) beatha i gcainníocht agus i gcáilíocht leordhóthanach chun freastal ar riachtanais fhiseolaíocha, chothaitheacha agus mheitibileach agus ar sháithiúlacht na madraí agus na gcat, mar chuid d'aiste bia atá oiriúnaithe d'aois, do phór, do chatagóir, do leibhéal gníomhaíochta agus do stádas sláinte na madraí agus na gcat;
 - (c) beatha atá saor ó shubstaintí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le fulaingt;

- (d) beatha sa chaoi is go seachnófar athruithe tobanna agus go n áiritheofar córais gastraistéigeach dea-fheidhmiúil, go háirithe le linn na céime scoite.
3. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid díidine ainmhithe go ndéanfar saoráidí beathaithe agus óil a thógáil agus a shuiteáil sa chaoi is go ndéanfar an méid seo a leanas:
- (a) rochtain chomhionann a sholáthar do gach madra agus cat, agus ar an gcaoi sin an iomaíocht eatarthu a íoslaghdú, ag seachaint iompraíochta coimhlintí, go háirithe i gcás nach bhfuil rochtain ad libitum ag madraí agus ag cait ar bheatha;
- (b) doirteadh a íoslaghdú agus éilliú beatha agus uisce le substaintí díobhálacha a chosc;
- (c) cosc a chur ar dhíobháil, ar bhá nó ar dhochar eile do na madraí agus do na cait;
- (d) a ghlanadh agus a dhíghalrú go héasca chun galair a chosc.

Airteagal 12 *Tithíocht*

1. Áiritheoidh oibreoirí go gcuirfear tithíocht ar fáil do mhadraí agus do chait i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn I.
2. Déanfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid díidine ainmhithe an méid seo a leanas a áirithiú:
- (a) go bhfuil na bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe agus an trealamh a úsáidtear iontu oiriúnach do na cineálacha agus líon na madraí agus na gcat a choimeádtar sna bunaíochtaí sin, agus go gceadaítear leo an rochtain is gá agus iniúchadh críochnúil ar gach madra agus cat;
- (b) go ndéanfar comhpháirteanna foirgníochta uile na bunaíochta, lena n áirítear an t urlárlach, an díon agus na ranna spáis, chomh maith leis an trealamh a úsáidtear le haghaidh madraí agus cat, a thógáil agus a chothabháil i gceart, agus gur féidir iad a ghlanadh agus a dhíghalrú go héasca chun a áirithiú nach mbeidh aon rioscaí ag baint leo do leas na n ainmhithe;
- (c) i gcás ina gcoimeádtar ainmhithe in ionaid phórúcháin nó i siopaí peataí, go gcoimeádtar aerchúrsaíocht, leibhéil deannaigh, teocht, bogthaise aer choibhneasta agus tiúchan gáis laistigh de theorainneacha nach bhfuil díobhálach do mhadraí agus cait agus gur leor an t aerú sin chun róthéamh a sheachaint agus, i gcás inar gá, in éineacht le córais téimh, chun taise iomarcach a bhaint;
- (d) go bhfuil dóthain spáis ag madraí agus ag cait chun go mbeidh siad in ann gluaiseacht timpeall faoi shaoirse agus chun iompar a bhaineann go sonrach le speicis a chur in iúl de réir a riachtanas, agus spás leordhóthanach ann d'ábhar agus do struchtúir shaibhríthe, an fhéidearthacht d'ainmhithe sóisialú agus tarraingt siar, agus áiteanna scíthe glana a bheith ann dóibh;
- (e) go gcosnaítear madraí agus cait a choinnítear lasmuigh ó dhálaí aeráide diúltacha, lena n áirítear strus teirmeach, dó gréine agus dó seaca.
3. Beidh toirmeasc ar mhadraí nó cait a choimeád i gcoimeádáin.

Ní fhéadfar coimeádáin a úsáid ach amháin chun madraí agus cait aonair a iompar agus a aonrú go sealadach ar choinníoll go seachnaítear strus mar gheall ar theochtaí foircneacha.

4. Beidh toirmeasc ar mhadraí a choimeád laistigh go heisiach. Beidh fáil laethúil ag madraí a choimeádtar laistigh ar limistéar lasmuigh a cheadaíonn aclaíocht agus sóisialú. Ina theannta sin, nuair a choinnítear madraí i gconchróite, déanfaidh oibreoirí cróite aonair a dhearadh agus a thógáil chun go mbeidh saor-rochtain ag madraí ar spás teoranta lasmuigh agus ar spás laistigh nó ar bhothán aonair.
5. Nuair a choinnítear cait i gcatlanna, déanfaidh na oibreoirí cróite aonair a dhearadh agus a thógáil chun go bhféadfaidh cait gluaiseacht timpeall faoi shaoirse agus chun a n iompar nádúrtha a léiriú.
6. Áiritheoidh oibreoirí go gcoimeádfar crios teirmeaneodrach atá oiriúnach do chait agus do mhadraí i limistéir faoi dhíon ina gcoimeádtar iad.
7. Áiritheoidh oibreoirí go mbeidh rochtain ag madraí agus ag cait ar sholas nádúrtha i gcónaí. I gcás inar gá, mar gheall ar dhálaí aeráide agus suíomh geografach Ballstáit, cuirfidh na hoibreoirí soilsíú saorga ar fáil.
8. Tá feidhm ag an Airteagal seo ó [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 13

Sláinte

1. Áiritheoidh oibreoirí go ndéanfar bearta chun sláinte madraí agus cat a chosaint i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn 1.
2. Déanfaidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe an méid seo a leanas a áirithiú:
 - (a) déanann cúramóirí ainmhithe cigireacht ar mhadraí agus ar cait atá faoina gcúram uair amháin sa lá ar a laghad;
 - (b) go n aistreofar madraí nó cait a bhfuil comharthaí galair, breoiteachta, díobhála nó leasa atá i mbaol ar shlí eile acu, i gcás inar gá, gan moill mhíchúí chuig limistéar ar leith, go ndéanfaidh tréidlia iad a chóireáil, i gcás inarb iomchuí, agus go gcoinneofar ansin iad go dtí go ndéanfar iad a théarnamh go hiomlán, nó go dtí go ndéanfar iad a eotanú mar mhalairt air sin gan moill mhíchúí;
 - (c) ní dhéanann ach tréidlia eotanáis ar mhadraí nó ar chat.
 - (d) tá bearta lena n áirítear cógais tréidliachta i bhfeidhm chun seadáin sheachtracha agus inmheánacha a chosc agus a rialú, lena n áirítear cóireálacha coisctheacha tréidliachta chun cosc a chur ar ghalair choiteanna ar dócha go nochtfaí madraí nó cait dóibh agus aird chuig á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch;
 - (e) nach bhfuil aon riosca díobhála nó éilliú bitheolaíoch nó ceimiceach nó aon riosca sláinte eile ag baint le hábhair shaibhrithe.
3. Áiritheoidh na hoibreoirí an méid seo a leanas:
 - (a) ní phóráítear madraí bainneanna agus cait bhaineanna ach amháin má tá aois íosta acu i gcomhréir le pointí 3.1 agus 3.2 d'Iarscríbhinn I, cuirtear a bhfás

cnámharlaigh i gcrích, agus tá siad saor ó ghalair nó ó dhálaí fisiceacha a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a dtoircheas agus ar a leas;

- (b) go leanann toircheas álta mhadraí baineanna agus chat baineann uasmhinicíocht;
- (c) ní dhéantar cait bhaineanna lachtacha a chúpláil ná a inseamhnú;
- (d) aon mhadra baineann atá 8 mbliana d'aois nó níos mó agus aon chat baineann atá 6 bliana d'aois nó níos mó, sula n úsáidfear í le haghaidh pórúcháin, déanfaidh tréidlia scrúdú fisiciúil uirthi, chun a dheimhniú i scríbhinn nach ndéanfaidh a toircheas aon bhaol dá leas, lena n áirítear a sláinte.
- (e) nach maraítear nó nach dtréigítear madraí agus cait baineanna fásta nach n úsáidtear a thuilleadh le haghaidh atáirgthe, lena n áirítear mar thoradh ar fhorálacha an Rialacháin seo. Leanfaidh oibreoirí de leas na n ainmhithe sin a áirithiú i gcomhréir leis an Rialachán.

Coinneoidh an t oibreoir an deimhniú i scríbhinn dá dtagraítear i bpointe (d) ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad tar éis bhás an mhadra bhaininn nó an chait bhaininn.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 14 *Riachtanais iompair*

- 1. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe go ndéanfar bearta chun freastal ar riachtanais iompraíochta cat agus madraí i gcomhréir le pointe 4 d'Iarscríbhinn I.
- 2. Toirmiscfear madraí agus cait a choinneáil i limistéir lena gcuirtear srian ar a ngluaiseachtaí nádúrtha, seachas chun na nósanna imeachta nó na cóireálacha seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) scrúduithe fisiceacha, lena n áirítear na hainmhithe a shainaithint;
 - (b) ainmhithe a mharcáil chun críoch sainaitheantais;
 - (c) samplaí agus vacsaínithe a bhailiú;
 - (d) nósanna imeachta chun críoch sláinteachais, sláinte nó atáirgthe;
 - (e) cúram míochaine.
- 3. Toirmiscfear ainmhithe a choinneáil ar theaghrán ar feadh níos mó ná uair an chloig laistigh d'áitreabh an bhunachais, ach amháin fad a mhairfidh cóireáil liachta.
- 4. Áiritheoidh oibreoirí agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as ionaid dídine ainmhithe go mbeidh dálaí i bhfeidhm chun ligean d'ainmhithe iompraíochtaí sóisialta neamhdhíobhálacha, iompraíochtaí speicis-shonracha agus an fhéidearthacht mothúcháin dhearfacha a bheith acu.
- 5. Áiritheoidh oibreoirí ionad pórúcháin go mbeidh straitéis iomchuí ann chun ainmhithe a shóisialú le daoine, agus, i gcás inar féidir, le hainmhithe eile.

Airteagal 15
Cleachtais phianmhara

1. Toirmiscfear ciorruithe ag cluasa, lena n áirítear ciorruithe ag cluasa, sciotadh eireaball, teascadh chuid de na méaracha nó iad ar fad, agus athghearradh théada an ghutha, mura rud é go ndéantar iad mar gheall ar thásc leighis chun sláinte madraí agus cat a fheabhsú agus chun na críche sin amháin. Sa chás sin, ní dhéanfaidh ach tréidlia amháin a an nós imeachta faoi ainéistéise agus anailgéise fhada.
2. Ní cheadófar neodró fireann agus bainneann ach amháin má dhéanann tréidlia é faoi ainéistéise agus faoi anailgéise fhada.
3. Beidh toirmeasc ar na cleachtais láimhseála seo a leanas:
 - (a) baill an choirp a nascadh go leanúnach;
 - (b) ainmhithe a chiceáil, a bhualadh, a tharraingt, a chaitheamh, a fháscadh;
 - (c) madraí agus cait a nochtadh do shruth leictreach;
 - (d) úsáid fhada a bhaint as béalóga, mura gá sin ar chúiseanna sláinte nó leasa, agus sa chás sin beidh an fad teoranta don íostréimhse is gá.
 - (e) madraí nó cait a thógáil ag na géaga, ag an gceann, ag an eireaball ná ag an ngruaig.

Airteagal 16
Formheas ionad pórucháin

1. Amhail ó [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gheobhaidh oibreoirí formheas ar a n ionad pórucháin ón údarás inniúil sula ndíolfaidh siad madraí agus cait a rugadh ina n ionad pórucháin.
2. Deonóidh an t údarás inniúil deimhniú formheasa d'ionad pórucháin, ar choinníoll, roimh chigireacht ar an láthair, go bhfuil sé deimhnithe go gcomhlíonann an t ionad pórucháin ceanglais an Rialacháin seo.
3. Coimeádfaidh na húdaráis inniúla liosta de na hionaid phórucháin fhormheasta agus cuirfidh siad é ar fáil don phobal.

CAIBIDIL III

SAINAITHINT AGUS CLÁRÚ MADRAÍ AGUS CAT

Airteagal 17
Sainaitheint agus clárú madraí agus cat

1. Ó [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], déanfar gach madra agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí lena soláthar san Aontas, lena n áirítear madraí agus cait fhásta a choimeádtar in ionaid phórucháin, madraí agus cait a choimeádtar in ionad dídine ainmhithe, agus madraí agus cait a sholáthraíonn daoine nádúrtha, a mharcáil lena sainaitheint trí thrasfhreagróir fo-chraicneach ina bhfuil micrishlis, i gcomhréir le hIarscríbhinn II. Áiritheoidh oibreoirí bunaíochtaí go ndéanfar madraí agus cait a rugadh ina mbunaíochtaí a mharcáil lena sainaitheint faoi dháta a soláthair san Aontas nó ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí tar éis bhreith an ainmhí. Is tréidlia nó faoi fhreagracht tréidlia a dhéanfaidh ionphlandú an trasfhreagróra.

2. Ó [3 bliana ón dáta theacht i bhfeidhm], déanfaidh an tréidlia, nó cúntóir faoi fhreagracht an tréidlia, madraí agus cait a shainaithnítear i gcomhréir le mír 1 a chlárú i mbunachar sonraí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19. Maidir le madraí agus cait a choimeádtar in ionaid phórúcháin, déanfar an clárú in ainm úinéir an ionaid phórúcháin atá freagrach as an madra nó as an gcat. Maidir le madraí agus cait a choimeádtar in ionaid dídine ainmhithe, déanfar an clárú in ainm an duine atá freagrach as an ionad dídine ainmhithe. I gcás daoine nádúrtha a bhfuil sé ar intinn acu madra nó cat a sholáthar san Aontas, déanfar an clárú in ainm an duine sin. Áiritheoidh aon úinéir ina dhiaidh sin nó aon duine atá freagrach as an madra nó as an gcat go ndéanfar an t athrú úinéireachta nó freagrachta a thaifeadadh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19.
3. Amhail ó [3 bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm], sula soláthróidh sé madra nó cat san Aontas, soláthróidh an soláthróir an méid seo a leanas d'fhaighteoir an ainmhí:
 - (a) cruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú an ainmhí i gcomhréir le mír 1 agus mír 2;
 - (b) an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an madra nó an cat:
 - (i) a speiceas,
 - (ii) a ghnéas,
 - (iii) a dháta breithe agus a thír bhreithe, agus
 - (iv) i gcás inar iomchuí, a phór.

Beidh faighteoirí in ann barántúlacht shainaithint agus chlárú na n ainmhithe a sholáthraítear tríd an gcóras dá dtagraítear i mír 7 a fhíorú.

4. Ó [5 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne go mbeidh a gcomhéadan ar líne saincheaptha agus eagraithe ar bhealach a cheadaíonn do sholáthraithe madraí agus cat a n oibleagáidí faoi mhír 3 a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2022/2065, agus cuirfidh siad faighteoirí ar an eolas, ar bhealach infheicthe, faoin bhféidearthacht sainaithint agus clárú an ainmhí a fhíorú trí nasc gréasáin chuig an gcóras dá dtagraítear i mír 6.

Is é soláthraí na madraí agus na gcat amháin a bheidh freagrach as cruinneas na faisnéise a chuirfear ar fáil trí chomhéadan an ardáin ar líne. Ní fhorlíreofar aon ní sa mhír seo mar ní lena bhforchuirtear oibleagáid ghinearálta faireacháin ar sholáthraí an ardáin ar líne de réir bhrí Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2065.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar an fhaisnéis atá le soláthar ag soláthraithe mar chruthúnas ar shainaithint agus ar chlárú an ainmhí i gcomhréir le mír 3(a), i gcásanna ina dtairgtear na madraí agus na cat trí ardáin ar líne agus ar bhealaí eile. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.
6. Ó [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh córas a dhéanann seiceálacha uathoibrithe ar bharántúlacht shainaithint agus chlárú madraí nó cat a sholáthraítear, agus úsáid á baint as an mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 19, ar fáil go poiblí saor in aisce. Féadfaidh an Coimisiún forbairt, cothabháil agus oibriú an chórais sin a chur ar iontaoibh eintitis neamhspleách. Comhlíonfaidh an córas na critéir seo a leanas:

- fíorú iontaofa ar bharántúlacht shainaithint agus chlárú an mhadra nó an chait agus úsáid á baint as na bunachair sonraí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19;
 - comhlíonadh na cosanta sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725⁹ agus le Rialachán (AE) 2016/679¹⁰
7. Faoin [3 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear na gnéithe seo a leanas den chóras dá dtagraítear i mír 6:
- príomhfheidhmiúlachtaí an chórais;
 - ceanglais theicniúla, leictreonacha agus chriptagrafacha an chórais.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

CAIBIDIL IV ÚDARÁIS INNIÚLA

Airteagal 18 *Oiliúint*

Chun críocha Airteagal 9 ainmneoidh na Ballstáit an t údarás inniúil a bheidh freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) a áirithiú go bhfuil cúrsaí oiliúna ar fáil do chúramóirí ainmhithe;
- (b) inneachar na gcúrsaí dá dtagraítear i bpointe (a) a fhormheas.

Airteagal 19 *Bunachair sonraí maidir le madraí agus cait*

1. Amhail [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh údaráis inniúla bunachair sonraí a bhunú agus a chothabháil chun madraí agus cait mhicrighliscthe a chlárú.
2. Ó [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a mbunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1 idir-inoibritheach le bunachair sonraí chéanna na mBallstát eile ionas gur féidir sainaithint madra nó cat a fhíordheimhniú agus a rianú ar fud an Aontais.
3. Faoin [dáta cur i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais a leagan síos maidir leis na bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an méid a leanas:
 - (a) a n ábhar;

⁹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO L 295, 21.11.2001, lch. 39.

¹⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí); IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

- (b) a n idir-inoibritheacht idir na Ballstáit;
- (c) a bhfeidhmiúlacht maidir le cruthúnas a sholáthar ar shainaithint agus ar chlárú madra nó cait, dá dtagraítear in Airteagal 17 (3) pointe (a).
- (d) an clár ina ndearbhóidh na Ballstáit a mbunachair sonraí, agus na paraiméadair is gá chun na bunachair sonraí sin a nascadh lena chéile de réir na bhforálacha arna mbunú faoi phointe (b);
- (e) an rochtain atá le tabhairt ar an gcóras dá dtagraítear in Airteagal 17(6) chun barántúlacht shainaithint agus chlárú na madraí agus na gcat a dheimhniú;
- (f) forálacha maidir le cosaint sonraí de bhun cheanglais Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

Airteagal 20

Bailiú sonraí maidir le leas ainmhithe agus á dtuairisciú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú;
2. Déanfaidh na húdaráis inniúla tuarascáil a tharraingt suas agus a tharchur chuig an gCoimisiún, ar fhoirm mheaisín inléite, maidir leis na sonraí dá dtagraítear i mír 1, faoin 31 Lúnasa gach 3 bliana ó [6 bliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm], ina ndéanfar achoimre ar na sonraí a bailíodh an bhliain roimhe sin.
3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, modheolaíocht chomhchuibhithe a bhunú chun na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú agus chun teimpléad na tuarascála dá dtagraítear i mír 2 a bhunú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

CAIBIDIL V

TEACHT ISTEACH MADRAÍ AGUS CAT SAN AONTAS

Airteagal 21

Teacht isteach madraí agus cat san Aontas

1. Amhail [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhéadfar madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas lena gcur ar mhargadh an Aontais ach amháin más rud é gur coinníodh i gcomhréir le haon cheann de na nithe seo a leanas iad:
 - (a) Caibidlí II den Rialachán seo;
 - (b) coinníollacha a aithníonn an tAontas a bheith coibhéiseach leo sin a leagtar amach leis an Rialachán seo; nó
 - (c) i gcás inarb infheidhme, ceanglais atá i gcomhaontú sonrach idir an tAontas agus an tír is onnmhaireoir.
2. Ó [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní fhéadfar madraí agus cait a thabhairt isteach san Aontas lena gcur ar an margadh nó lena soláthar ach

amháin ar choinníoll go dtagann siad ó thríú tír nó ó thríú críoch agus ó bhunaíocht a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 126 agus 127 de Rialachán (AE) 2017/625.

3. Ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo móide 5 bliana], beidh fianú sa deimhniú oifigiúil a ghabhann le madraí agus cait a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha agus ó thríú críocha lena ndeimhnítear go gcomhlíontar mír 1 agus lena ndeimhnítear gur de thionscnamh bunaíochta a liostaítear i gcomhréir le mír 2.
4. Gan dochar d'Airteagal 10(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 agus d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2020/692¹¹, déanfar madraí agus cait a thagann isteach san Aontas a shainaithint le micrishlis amhail dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus lena gceadaítear inrianaitheacht.

I gcás nach bhfuil na madraí nó na cait a thagann isteach san Aontas cláraithe fós i mbunachar sonraí Ballstáit amhail dá dtagraítear in Airteagal 19(1), a luaite a shroicheann siad a gceann scríbe, áiríteoidh an t úinéir nó an duine atá freagrach as an ainm go ndéanfar iad a chlárú i gceann de bhunachair sonraí na mBallstát laistigh de 48 n uaire an chloig tar éis dóibh teacht isteach.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, nós imeachta a bhunú chun go n aithneoidh an tAontas coinníollacha coibhéiseacha faoi phointe 1 pointe (b). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

Airteagal 22 *Leasú ar na hlarscríbhinní*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 lena leasaítear na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo chun aird a thabhairt ar an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, lena n áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuairimí eolaíocha ó EFSA, agus ar thionchair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) próiseas maidir le minicíochtaí beathaithe agus scoitheadh;
- (b) raonta teochta;
- (c) paraiméadair soilsithe;
- (d) dearadh conchróite agus catlann;
- (e) dearadh trealaimh chun beatha agus uisce a thabhairt;
- (f) liúntais spáis le haghaidh catagóirí éagsúla madraí agus cat;
- (g) minicíocht toircheas;
- (h) aois íosta madraí bainearna agus cat bainearna chun póru a thosú;

¹¹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach, IO L 174, 3.6.2020, lch. 379.

- (i) sóisialú, saibhriú agus bearta eile chun freastal ar riachtanais iompraíochta madraí agus cat;
- (j) ceanglais maidir le trasfhreagróirí a úsáidtear chun madraí agus cait a mharcáil;
- (k) sonraí atá le bailiú i gcomhair faireacháin agus meastóireachta beartais.

Beidh aon chur leis na ceanglais sna hlarscríbhinní bunaithe ar fhianaise eolaíoch nó theicniúil nuashonraithe, go háirithe maidir leis na coinníollacha sonracha is gá chun leas na madraí agus na gcat a chumhdaítear faoi raon feidhme an Rialacháin seo a áirithiú. I gcás inarb ábhartha, déanfar foráil leis na gníomhartha tarmligthe sin maidir le hidirthréimhsí leordhóthanacha chun gur féidir le hoibreoirí a bhfuil tionchar acu oiriúnú do na ceanglais nua.

Airteagal 23 *An tarmligeán a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(4), Airteagal 10(2) agus Airteagal 22 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [l dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(4), in Airteagal 10(2) agus in Airteagal 22 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 6(4), Airteagal 10(2) agus Airteagal 22 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 24 *Nós imeachta Coiste*

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Buainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm Airteagal 5(4), an tríú fomhír de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL VI

BEARTA NÁISIÚNTA NÍOS DOICHTE AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 25 *Bearta náisiúnta níos doichte*

1. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit aon rialacha náisiúnta níos doichte a choimeád atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a thabhairt do leas madraí agus cat agus atá i bhfeidhm tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar choinníoll nach bhfuil na rialacha sin ar neamhréir leis an Rialachán seo agus nach gcuireann siad isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Roimh [*dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na rialacha náisiúnta sin. Tarraingeoidh an Coimisiún aird na mBallstát eile orthu.
2. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar na Ballstáit bearta náisiúnta níos doichte a ghlacadh atá dírithe ar chosaint níos fairsinge a áirithiú do leas madraí agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí laistigh de chríoch Bhallstáit maidir leis na saincheisteanna leasa ainmhithe seo a leanas:
 - (a) dálaí tithíochta;
 - (b) ciorruithe;
 - (c) saibhriú;
 - (d) cláir roghnúcháin agus phórúcháin, lena n-áirítear aois íosta agus uasta le haghaidh pórúcháin.Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na rialacha náisiúnta sin sula nglacfar iad. Tarraingeoidh an Coimisiún aird na mBallstát eile orthu.
3. Ní cheadófar na bearta dá dtagraítear i mír 2 ach amháin ar choinníoll nach bhfuil siad ar neamhréir leis an Rialachán seo agus nach gcuireann siad isteach ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
4. Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc ná bac ar mhadraí agus cait a choimeádtar i mBallstát eile a chur ar an margadh laistigh dá gcríoch ar na forais nár coimeádh na madraí agus na cait lena mbaineann i gcomhréir lena rialacha náisiúnta níos déine maidir le leas ainmhithe.

Airteagal 26 *Tuairisciú agus meastóireacht*

1. Ar bhonn na dtuarascálacha a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 20 agus faisnéis ábhartha bhreise, foilseoidh an Coimisiún, faoi [*7 mbliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus ina dhiaidh sin gach 5 bliana, tuarascáil faireacháin maidir le leas madraí agus cat a chuirtear ar an margadh san Aontas.

2. Faoi [15 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, lena n-áirítear measúnú ar uasaois fhéideartha chun madraí agus cait a phóru, agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhchinntí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiúin.
3. Chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun na tuarascálacha sin a ullmhú.

Airteagal 27

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar an Rialachán seo agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

Contents

1.	COMHTHÉACS AN TOGRA.....	1
•	Forais agus cuspóirí an togra	1
•	Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana	5
•	Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais.....	6
2.	BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT	7
•	Bunús dlí	7
•	Comhréireacht	8
•	An rogha ionstraime	8
3.	TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR.....	9
•	Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana ...	9
•	Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara	9
•	Bailiú agus úsáid saineolais	9
•	Measúnú tionchair	10
•	Oiriúnacht rialála agus simpliú	15
•	Ceartha bunúsacha	15
4.	IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA	15
5.	EILIMINTÍ EILE	15
•	Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe	15
•	Doiciméid mhíniúcháin (i gcás teoracha)	16
•	Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra	16
1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimse/réimsí beartais lena mbaineann	3
1.3.	Baineann an togra/tionscnamh le:	3
1.4.	Cuspóir/cuspóirí	3
1.4.1.	Cuspóir/cuspóirí ginearálta	3
1.4.2.	Cuspóir/cuspóirí sonracha.....	3
1.4.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.4.4.	Táscairí feidhmíochta.....	4
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh.....	4

1.5.2.	Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.....	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	5
1.5.4.	Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n áirítear na féidearthachtaí chun athshannadh a dhéanamh	5
1.6.	Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh	6
1.7.	An modh /na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA	7
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe	7
2.2.	Córas/córais bainistíochta agus rialaithe	7
2.2.1.	An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme maoiniúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis rialaithe atá beartaithe	7
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costas rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)	9
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc	10
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	12
3.1.	Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar	12
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	13
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	13
3.2.2.	An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	16
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin	17
3.2.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	19
3.2.5.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe	19

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán maidir le leas madraí agus cat agus a n inrianaitheacht

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann

Ceannteideal 1: An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁶³

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóir/cuspóirí

1.4.1. Cuspóir/cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra creat comhchoiteann a chruthú do leas madraí agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí agus a sholáthraítear san Aontas d'fhonn fulaingt thromchúiseach ainmhithe, cleachtais ghnó éagóracha, lena n áirítear calaois, a chosc agus custaiméirí a chosaint.

1.4.2. Cuspóir/cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh

1. Comhchaighdeáin leasa ainmhithe a áirithiú maidir le pórú, coimeád agus cur ar an margadh nó soláthar madraí agus cat.
2. Inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a sholáthraítear a fheabhsú.
3. Inniúlacht do chúramóirí ainmhithe a chur chun cinn.
4. Cosaint tomhaltóirí a fheabhsú.
5. Rialacha láithreacha maidir le hallmhairiú madraí agus cat a fhorlíonadh.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar ba cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Cuspóir sonrach 1

Dálaí maireachtála níos fearr do mhadraí agus do chait a choimeádtar i mbunaíochtaí.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

Laghdú ar an mbaol go ndéanfar madraí agus cait a thrádáil go neamhdhleathach.

Cuspóir sonrach Uimh. 3

Cóireáil níos fearr ar mhadraí agus ar chait.

⁶³

Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Cuspóir sonrach Uimh. 4

Feasacht níos fearr ar chustaiméirí nuair a cheannaíonn siad madraí nó cait.

Cuspóir sonrach Uimh. 5

Laghdú ar an mbaol go ndéanfar madraí agus cat a allmhairiú go neamhdhleathach.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Cuspóir sonrach 1

Líon na madraí agus na gcat atá cláraithe in ionaid phórúcháin fhormheasta.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

Líon na madraí agus na gcat atá cláraithe i mbunachair sonraí náisiúnta atá idir-inoibritheach ar leibhéal an Aontais.

Cuspóirí sonracha Uimh. 3

Líon na gcúramóirí ainmhithe atá faoi réir oiliúna náisiúnta in aghaidh na bliana.

Cuspóirí sonracha Uimh. 4

Líon na bhfíoruithe uathoibrithe ar shainnithint agus ar chlárú madraí agus cat nuair a sholáthraítear ar líne iad.

Cuspóir sonrach Uimh. 5

Líon na gcásanna trádála neamhdhleathaí ó thríú tíortha a tuairiscíodh in iRASFF.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh*

Is é is aidhm don togra ceanglais a bhunú maidir le cothú, tithíocht, bainistiú agus i gcoinne cleachtais phianmhara do mhadraí agus do chait a choimeádtar i mbunaíochtaí. Ina theannta sin, tabharfaidh sé isteach coinníollacha níos déine maidir le hinrianaitheacht madraí agus cat agus rialacha níos déine maidir le hallmhairiú na n ainmhithe sin.

Má ghlactar an Rialachán in 2024, d'fhéadfaí é a chur chun feidhme ó 2025. Tosóidh an gá le hacmhainní airgeadais ansin ón dáta a thiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm (deireadh 2024 nó 2025).

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn "breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach (ex ante)

Níl aon reachtaíocht AE ann inniu maidir le leas madraí agus cat cé go bhfuil an cás laistigh de na Ballstáit thar a bheith athraitheach agus míchothrom, ó thaobh caighdeán leasa nó inrianaitheacht de. In éagmais creat comhchoiteann, tá éifeacht theoranta ag gníomhaíocht aonair na mBallstát agus ní féidir léi aghaidh a thabhairt

ar phríomhcheisteanna fad a dhéantar madraí agus cait a thrádáil faoi shaoirse san Aontas. Ina theannta sin, in éagmais rialacha comhchoiteanna maidir le hinrianaitheacht, éascaítear trádáil neamhdhleathach ó thríú tíortha.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex post)

Bunaítear leis an togra ceanglais chomhchoiteanna maidir le caighdeáin leasa ainmhithe chun madraí agus cait a choimeád agus maidir lena n-inrianaitheacht. Cruthófar leis an gcur chuige seo cothrom na Féinne d'oibreoirí uile an Aontais lena mbaineann, lena n-áirítear i mBallstáit nach bhfuil aon reachtaíocht maidir le leas ainmhithe ann sa lá atá inniu ann. Ina theannta sin, is fearr a chosnófar custaiméirí an Aontais ar mhadraí agus ar chait a cheannach atá míshláintiúil ar bhonn meabhrach agus a chuirtear isteach ar bhealach eile mar gheall ar dhrochíde a rinneadh roimhe seo.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá an Rialachán bunaithe ar thaithí éagsúil ó na Ballstáit, ó pháirtithe leasmhara agus ó fhaisnéis eolaíoch.

Cuirtear san áireamh sa togra conclúidí thionscnaimh dheonacha Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Leas Ainmhithe i ndáil le sláinte agus leas peataí (madraí agus cait) sa trádáil ina bhfuil sraith treoirilínte maidir le pórú freagrach madraí, pórú cat, gluaiseachtaí tráchtála madraí agus cat, sóisialú coileán agus piscíní, ardáin ar líne a dhíolann madraí agus treoirilínte do cheannaitheoirí madraí, agus moltaí maidir le leas madraí agus cat a choimeádtar i mbunáíochtaí a reachtú.

Ina theannta sin, tá an togra bunaithe ar chúnamh eolaíoch agus teicniúil an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le gnéithe leasa a bhaineann le tithíocht agus sláinte cat agus madraí in ionaid phórúcháin thráchtála. Tá moltaí sa tuarascáil seo de chuid EFSA maidir leis an gcineál tithíochta agus aclaíochta, maidir le teocht agus solas na tithíochta, maidir leis an tsláinte agus i gcoinne idirghabhálacha máinliachta pianmhara.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an Rialachán le bheith mar chuid de Shnáithe Bia Chlár an Mhargaidh Aonair agus oibroidh sé i sineirgíocht leis an gClár Oibre Digiteach don Eoraip lena gcuirtear réitigh dhigiteacha chun cinn chun freagairt don ghá atá ag pobail le geilleagar cothrom agus iomaíoch.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí chun athshannadh a dhéanamh

Tacófar leis na costais ó Chlár an Mhargaidh Aonair - Snáithe an Bhia ós rud é go gcuireann cuspóirí an rialacháin sin le ceann de phríomhchuspóirí an chlár, i.e. rannchuidiú le spriocanna na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' de chuid an Aontais chun feabhas a chur ar leas ainmhithe.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ tréimhse theoranta

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

✓ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2025 go 2027,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh /na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme⁶⁴

✓ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ✓ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ✓ ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí cur chun feidhme an bhuiséid a chur ar a n-iontaoibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí".*

Barúlacha

[...]

[...]

⁶⁴

Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Ceanglaítear ar na Ballstáit leis an togra sonraí a thuairisciú don Choimisiún gach trí bliana chun críocha faireacháin agus meastóireachta.

2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme maoiniúcháin, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis rialaithe atá beartaithe*

I gcomhréir le ráiteas rialachais an Choimisiúin Eorpaigh, déanann AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE) a chuid oibríochtaí i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, ag obair ar bhealach oscailte trédhearcach agus ag comhlíonadh an ardleibhéil caighdeán gairmiúil agus eiticíúil a bhfuil coinne leis.

Déanfar na gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar leas madraí agus cat a choimeádtar i mbunaíochtaí a chur chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach, agus úsáid á baint as na modhanna cur chun feidhme a thairgtear leis an Rialachán Airgeadais, ar deontais agus soláthar iad den chuid is mó. Leis an mbainistíocht dhíreach, táthar in ann comhaontuithe deontais/conarthaí a bhunú le tairbhíthe/conraitheoirí atá ag gabháil go díreach do ghníomhaíochtaí a fhreastalaíonn ar bheartais an Aontais. Áirithíonn an Coimisiún go ndéantar faireachán ar thoradh na ngníomhaíochtaí a mhaoineáir. Cuirfear socrúithe íocaíochtaí na ngníomhaíochtaí arna maoiniú in oiriúint do na rioscaí a bhaineann leis na hidirbhearta airgeadais.

Chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht rialuithe an Choimisiúin a áirithiú, beidh an cothromaíocht sa straitéis rialála idir seiceálacha ex ante agus ex post agus díreoidh sí ar thrí chéim thábhachtacha de chur chun feidhme na ndéontas, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais:

- Tograí/tairiscintí a roghnú a oireann do chuspóirí beartais an Rialacháin;
- Rialuithe oibríochtúla, faireacháin agus ex ante a chumhdaíonn cur chun feidhme na dtionscadal, soláthar poiblí, réamh-mhaoiniú, íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh, bainistiú ráthaíochtaí;
- Déanfar rialuithe ex post ag suíomhanna na dtairbhíthe/na gconraitheoirí ar shampla d'idirbhearta freisin. Úsáidfear le chéile measúnú riosca agus roghnú randamach chun na hidirbhearta sin a roghnú.

Tá an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (DG SANTE) faoi réir rialuithe riaracháin lena n-áirítear rialú buiséadach, iniúchadh inmheánach, tuarascálacha bliantúla ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus ón tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach, an turscaoileadh bliantúil chun buiséad an Aontais a fhorghníomhú agus imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear.

I gcomhréir le Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin⁶⁵, tá straitéis rialaithe inmheánaigh mínithe ag AS SANTE ina ndírítear ar bhainistíocht airgeadais agus ar

⁶⁵ C(2017) 2373 an 19/04/2017

chomhlíonadh an Rialacháin Airgeadais, go háirithe maidir leis na cúig chuspóir rialaithe⁶⁶ agus na príomhphrionsabail a bhaineann le rialuithe costéifeachtacha agus éifeachtacha agus bearta frithchalaíoch. Doiciméad atá ag teacht chun cinn is ea an straitéis agus déantar é a nuashonrú go tráthrialta agus glacann Bord Bainistíochta AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia é.

Tá an Stiúrthóir atá i gceannas ar Bhainistiú Riosca agus Rialú Immheánach (RMIC) de chuid AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia freagrach as dréachtú, nuashonrú agus cumarsáid na straitéise rialaithe a chomhordú leis an bhfoireann go léir lena mbaineann. Chuige sin, seolann an Stiúrthóir measúnú bliantúil gach bliain ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bainistíocht riosca comhtháite go hiomlán i dtimthriall pleanála agus rialaithe AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia. Aithnítear na rioscaí is tábhachtaí sa chleachtadh measúnaithe riosca bliantúil. Díritear ar an neamhchosaint ar riosca iarmharach agus na bearta go léir a rinneadh cheana féin chun an riosca a mhaolú á gcur san áireamh. Dúnann an cleachtadh le plé ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí faoi chathaoirleacht an Ard-Stiúrthóra. Tuairiscítear na “rioscaí criticiúla” mar a thugtar orthu don Choimisinéir mar aon le plean gníomhaíochta chun iad a laghdú go leibhéal inghlactha. Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta, ullmhaítear tuarascáil ar dhul chun cinn gach bliain agus cuirtear in iúl don Choimisinéir í i gcomhthéacs na tuarascála meántéarma.

Rinne AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia bainistiú riosca a chomhtháthú ina phróisis cur chun feidhme buiséid. Aithnítear rioscaí, saincheisteanna nó fadhbanna féideartha i ngach céim den phróiseas bainistíochta airgeadais.

I dtaca leis an Rialachán nua a chur chun feidhme, cuirtear béim ar shannadh conarthaí soláthair phoiblí chomh maith le roinnt deontas do ghníomhaíochtaí agus eagraíochtaí sonracha.

Tabharfar na conarthaí soláthair phoiblí i gcrích go príomha i réimsí amhail forbairt táirgí (amhail comhairliúchán le páirtithe leasmhara) agus gníomhaíochtaí cur chun cinn (chun tacú le rannpháirtíocht).

Bronnfar deontais den chuid is mó le haghaidh gníomhaíochtaí tacaíochta don Choimisiún i bhforbairt táirgí).

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

- Riosca nach mbainfear amach cuspóirí an Rialacháin go hiomlán toisc nach leor an rannpháirtíocht nó an cháilíocht/mar gheall ar mhoill i ndáil leis na tionscadail nó na conarthaí a chur chun feidhme;
- An riosca go mbainfí úsáid neamhéifeachtúil nó neamheacnamaíoch as cistí a bronnadh, le haghaidh deontas (castacht na rialacha cistiúcháin) agus le haghaidh soláthair (líon teoranta soláthraithe eacnamaíocha a bhfuil an saineolas is gá acu agus

⁶⁶ De réir shamhail COSO a ghlac Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin ina leagan is déanaí: C(2017) 2373 an 19/04/2017 3 Teachtaireacht chuig an gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh (C(2017) 2373 an 19/04/2017) a chuirtear in ionad na gCaighdeán Rialaithe Inmheánaigh a leagtar síos in SEC(2001)2037 agus a athbhreithníodh le SEC(2007)1341.

nach bhfuil a ndóthain deiseanna ann chun comparáid a dhéanamh idir tairiscintí praghsanna i roinnt earnálacha).

- An riosca do chlú an Choimisiúin, má aimsítear calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla; ní féidir ach dearbhú páirteach a fháil as córais rialaithe inmheánaigh na dtríú páirtithe i ngeall ar an líon measartha ard conraitheoirí agus tairbhíthe ilchineálacha, agus iad ar fad ag feidhmiú a gcóras rialaithe féin.

Tá nósanna imeachta inmheánacha curtha ar bun ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh na rioscaí thuasluaite a shainithint. Tá na nósanna imeachta inmheánacha i gcomhréir go hiomlán leis an Rialachán Airgeadais agus áirítear leo bearta frith-chalaoise agus breithnithe costais agus tairbhe. Laistigh den chreat sin, tá an Coimisiún ag leanúint de bheith ag fiosrú conas is féidir feabhas a chur ar bhainistíocht agus éifeachtúlacht a mhéadú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chreata rialaithe:

Rialuithe roimh chur chun feidhme na dtionscadal agus le linn a gcur chun feidhme:

- Cuirfear córas bainistithe tionscadal iomchuí ar bun ag díriú ar rannchuidiú na dtionscadal agus na gconarthaí le cuspóirí beartais, lena n-áirítear rannpháirtíocht chórasach na ngníomhaithe uile, lena gcuirtear ar bun tuairisciú rialta ar an mbainistiú tionscadal a chomhlánaítear le cuairteanna ar an láthair de réir an cháis, lena n-áirítear tuarascálacha riosca a chur faoi bhráid na hardbhainistíochta, chomh maith le solúbthacht bhuiséadach iomchuí a choimeád.

- Úsáidtear samhail-chomhaontuithe deontas agus conarthaí seirbhíse a cheap an Coimisiún é féin. Déantar foráil leis na comhaontuithe agus leis na conarthaí sin maidir le forálacha rialaithe amhail deimhnithe iniúchóireachta, ráthaíochtaí airgeadais, iniúchtaí ar an láthair mar aon le hiniúchtaí a dhéanann OLAF. Tá simpliú á dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear incháilitheacht costas, mar shampla, trí úsáid a bhaint as costais aonaid, cnapshuimeanna, ranníocaíochtaí nach mbaineann le costais agus féidearthachtaí eile arna dtairiscint leis an Rialachán Airgeadais. Laghdóidh sé sin costas na rialuithe agus díreoidh sé ar sheiceálacha agus ar rialuithe i limistéir ardriosca.

- Glacann an fhoireann uile le cód um dea-iompraíocht riaracháin. An fhoireann atá bainteach leis an nós imeachta roghnúcháin nó le bainistiú na gcomhaontuithe/na gconarthaí deontais, síníonn siad siúd dearbhú freisin nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann. Cuirtear oiliúint ar an bhfoireann go rialta agus úsáideann siad líonraí chun dea-chleachtais a mhalartú.

- Déantar cur chun feidhme teicniúil tionscadail a sheiceáil go tráthrialta ag an deasc ar bhonn tuarascálacha ar dhul chun cinn teicniúil na gconraitheoirí agus na dtairbhíthe; ina theannta sin, is ar bhonn cás ar chás a shocraítear cruinnithe agus cuairteanna ar láthair na gconraitheoirí/na dtairbhíthe.

Rialuithe i ndeireadh an tionscadail: Déantar iniúchtaí ex post ar an láthair ar shampla d'idirbhearta chun incháilitheacht éileamh costas a fhíorú. Is é is aidhm do na rialuithe sin earráidí ábhartha a bhaineann le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais a chosc, a bhrath agus a cheartú. D'fhone ardtionchar rialaithe a bhaint amach, tá sé beartaithe go mbeidh idir roghnú rioscabhunaithe agus sampláil randamach i roghnú na dtairbhíthe a bhfuil iniúchadh le déanamh orthu, agus go dtabharfar aird ar ghnéithe oibriúcháin nuair is féidir é le linn iniúchta ar an láthair.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costas rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Cuireann straitéisí rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin agus AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, in éineacht leis na hiarrachtaí a rinneadh cheana i gcaitheamh roinnt blianta chun costais na rialuithe a laghdú, gan amhras a tharraingt ar éifeachtacht na rialuithe. Tá sé léirithe go bhfuil na córais rialaithe atá ann faoi láthair in ann earráidí agus/nó neamhrialtachtaí a chosc agus/nó a bhrath, agus i gcás earráidí nó neamhrialtachtaí, iad a cheartú.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas agus ar a Bhallstáit calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. De réir Airteagal 317 de CFAE agus Airteagal 36 den Rialachán Airgeadais⁶⁷, cuireann Coimisiún an Aontais buiséad an Aontais chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail fhónta bhainistíochta airgeadais, agus rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil á chur i bhfeidhm aige⁶⁸, lena n'áirítear calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus obair leantach a dhéanamh ina leith.

Maidir lena chuid gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a áirithiú, trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh calaoise, éillithe nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile, trí sheiceálacha éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a aisíoc agus, más cuí, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha. Chuige sin, ghlac an Coimisiún straitéis frithchalaoise, an nuashonrú is déanaí mí Aibreáin 2019 (COM(2019) 196) leis an bPlean Gníomhaíochta athbhreithnithe i mí Iúil 2023 (COM(2023) 405). Tá ASanna agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin tar éis a straitéisí frithchalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Go ginearálta, déantar iad sin a nuashonrú gach trí bliana agus déantar faireachán ar a gcur chun feidhme agus tuairiscítear don bhainistíocht iad ar bhonn rialta. Tá a straitéis frithchalaoise féin forbartha agus curtha chun feidhme ag AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia ó 2013 i leith ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Déantar é a nuashonrú gach trí bliana. Ghlac an Bord Bainistíochta an straitéis frithchalaoise is déanaí de chuid AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, lena gcumhdaítear na blianta 2021 go 2024, an 8 Samhain 2021 tar éis athbhreithniú piaraí a d'eagraigh OLAF. Tá faireachán á dhéanamh ar a chur chun feidhme agus tá sé á thuairisciú don bhainistíocht dhá uair sa bhliain.

⁶⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n'aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, 1.

⁶⁸ Teachtaireacht chuig an gCoimisiún maidir le hAthbhreithniú ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh C(2017)2373 a glacadh an 19/04/2017 (Prionsabal 8, Saintréith 8.2).

Maidir le cur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach, cuireann an Coimisiún sraith beart chun feidhme freisin amhail:

- cinntí, comhaontuithe agus conarthaí a thagann de chur chun feidhme an Rialacháin, lena dtabharfar cead go sainráite don Choimisiún, OLAF san áireamh, agus don Chúirt Iniúchóirí iniúchtaí, seiceálacha agus cigireachtaí a dhéanamh ar an láthair agus méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur;

- agus meastóireacht á déanamh ar thograí nó ar thairiscintí, déanfar na hiarratasóirí nó na tairgeoirí a sheiceáil i gcomparáid leis na critéir eisiaimh foilsithe, critéir atá bunaithe ar dhearbhuithé agus ar an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES);

- déanfar na rialuithe lena rialaítear incháilitheacht na gcostas a shimpliú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais;

- tabharfar oiliúint rialta maidir le saincheisteanna a bhaineann le calaois agus neamhrialtachtaí don fhoireann go léir atá bainteach le bainistíocht conarthaí agus d'iniúchóirí agus do rialaitheoirí a fhíoraíonn dearbhuithe na dtairbhíthe ar an láthair.

Tá próiseas tógála dearbhaithe an Oifigigh Údarúcháin trí Tharmligean (AOD) bunaithe ar chumas na gcórais rialaithe atá i bhfeidhm chun easnaimh shuntasacha agus/nó athchleachtacha a bhrath. Tá na córais rialaithe comhdhéanta de ghnéithe éagsúla: maoirseacht agus fíorú oibríochtaí, fíoruithe ex ante, rialuithe ex post, agus iniúchtaí ar an tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, chomh maith leis na hiniúchtaí sláinte agus bia a rinne AS um Shláinte agus Sábháilteacht Bia i mBallstáit an AE agus i dtríú tíortha. Tá ról fíor-riachtanach ag na gníomhaithe go léir lena mbaineann maidir le calaois a chosc agus a bhrath.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Líon	Difreáilte/n eamhdhifre áilte ⁶⁹ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁷⁰	ó thíortha is iarrthóirí ⁷¹	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	03 02 06 - Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

⁶⁹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁷⁰ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁷¹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach
--	----------	---

AS: SANTE ⁷²			Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027 et seqq.	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí			-	-	-	-
03 02 06 Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí	Gealltanais	(1a)	0,500	0,500	0,500	1.500
	Íocaíochtaí	(1b)	0,200	0,400	0,900	1.500
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach			-	-	-	-
Líne bhuiséid	-	3	-	-	-	-
IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh na hArd- Stiúrthóireachts um Shláinte agus Sábháilteacht Bia	Gealltanais	=1a+3	0,500	0,500	0,500	1.500
	Íocaíochtaí	=1b+3	0,200	0,400	0,900	1.500
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,500	0,500	0,500	1,500

⁷² Ní áirítear costais chothabhála bhliantúla EUR 300.000 toisc go bhfuil siad infheidhme amhail ó 2028 agus go dtagann siad faoin gcéad CAI eile.

	Íocaíochtaí	(5)	0,200	0,400	0,900	1,500
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	-	-	-	-
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	0,500	0,500	0,500	1.500
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,200	0.400	0,900	1.500

○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	-	-	-	-
	Íocaíochtaí	(5)	-	-	-	-
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	-	-	-	-
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	0,500	0,500	0,500	1,500
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,500	0,400	0,900	1,500

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"
--	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na "sonraí buiséid de chineál riaracháin" ar tagraíodh dóibh ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais), agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027 et seqq.	IOMLÁN
-					
AS: <SANTE.>	-				
• Acmhainní daonna		0.440	0.449	0.458	1.346
• Caiteachas riaracháin eile		0.054	0.054	0.054	0.162
IOMLÁN AS <SANTE.>	0,494	0.494	0.503	0.512	1.508
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais Iomlán íocaíochtaí) = -	0,494	0,503	0,512	1,508
EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)					
		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027 et seqq.	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		0,994	1,003	1,012	3,008
Gealltanais					
Íocaíochtaí		0,694	0,903	1,412	3,008

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibrioctai

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain		Bliain		Bliain		IOMLÁN		
			2025		2026		2027 et seqq.				
	⇓			Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
	Cineál[1]	Meánchostas									
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 2. Inrianaitheacht madraí agus cat a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a sholáthraítear a fheabhsú											
- Aschur	Forbairt agus oibriú tosaigh an chórais fíoraithe maidir le barántúlacht na sainaitheanta agus an chláraithe seo le haghaidh tairiscintí trí Ardáin ar líne agus idir-inoibritheacht bunachar sonraí náisiúnta a áirithiú		-	0,500	-	0,500	-	0,500	-	1,500	
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2			-	0,500	-	0,500	-	0,500	-	1,500	
IOMLÁN			-	0,500	-	0,500	-	0,500	-	1,500	

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN
	2025	2026	2027 et seqq.	

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil				
Acmhainní daonna	0.440	0.449	0.458	1.346
Caiteachas riaracháin eile	0.054	0.054	0.054	0.162
Fo- iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0.494	0.503	0.512	1.508

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7[2] den chreat airgeadais ilbhliantúil				
Acmhainní daonna	-	-	-	-
Caiteachas eile				
de chineál riaracháin	-	-	-	-
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil				

IOMLÁN	0.494	0.503	0.512	1.508
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin ón Ard- Stiúrtóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard- Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú, i gcás inar gá, don Ard- Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Tá an meastachán le sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027 et seqq.
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		2	2	2
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)				
01 01 01 01 (Taighde indíreach)				
01 01 01 11 (Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		1	1	1
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)				
XX 01 xx yy zz ¹⁰	- ag an gCeanncheathrú			
	- i dToscaireachtaí			
01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach)				
01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach)				
Línte buiséid eile (sonraigh)				
IOMLÁN		3	3	3

Soláthróidh baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard- Stiúrthóireacht na hacmhainní daonna is gá, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú, i gcás inar gá, don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	Comhlíonfaidh AD na cúraimí go léir a bhaineann le caidreamh leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara chomh maith le haon ullmhúchán reachtaíochta.
Foireann sheachtrach	Comhlíonfaidh CA cúraimí a éilíonn saineolas ar leith i ngníomhaíochtaí digiteacha.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athlonnú laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Cumhdófar EUR 1.5 milliún de speansais oibríochtúla faoi líne bhuiséid 03.0206 sna blianta ó 2025 go 2027 le hath-íomlánú inmheánach laistigh den líne bhuiséid.

- ☐ is gá úsáid a bhaint as an gcorrlach neamh-leithdháilte faoin gceannteideal ábhartha de CAI agus/nó úsáid na n-ionstraimí speisialta mar a shainmhínítear i Rialachán CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ athbhreithniú le déanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ⁷³	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁷³

Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad "N" (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Líne bhuiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Teideal an togra/tionscnaimh ⁷⁴						
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

[...]

Aon trácht eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[...]

⁷⁴

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.